

# Ceol na n-Éan

## Agus Sgéalta Eile.

Edited by **Séamus Ó Searcaiġ**, M.A.

DUNDALGAN PRESS, DUNDALK.

**Price, 1s, 6d. net.**

# Ceol na n-Éan

## agus sgéalta eile


Edited by

SÉAMUS Ó SEARCAIGH, M.A., High. Dip. Ed.

Author of

Cloiċ Ċeannḟaolaḋ, Faire Ṗaidí Ṁóir, etc.;

Editor of Cú na gCleas



DUNDALK

W. TEMPEST, DUNDALGAN PRESS

1919

# Na Sgéalaiḋṫe.

---

Seán agus Niġean an Ríoġ. }  
Mac an Ġaḃa. }  
Mac agus Niġean an Ríoġ. }

Míċeál Ó Duḃáin,  
Gleann Ḃarr,  
Fánaiḋ.

Conall Mag Fionnġaile.

Liam Ó Ḃriain,  
Ḃinn an Féiḋ,  
Cloiċ Ċeannḟaolaiḋ.

Ó Doṁnaill agus Mac an Ḃáird.

Nanraí Ní Doṁnaill,  
Ḃaile an Ṁuilinn,  
Na Rosa.

Oisín

Máṫair an Eagarṫóra,  
An Ċruit,  
Na Rosa.

# RÉAṀ-RÁḊ.

IS Í Ide Nic Néill a sgríoḃ síos na trí sgéalta atá i dtús an leaḃair seo. Eoġan Mac an Ultaiġ as Cloiċ Ċeannḟaolaiḋ a ċuir síos an ceaṫraṁaḋ sgéal. Eoin Ó Doṁnaill as Baile an Ṁuilinn 'sna Rosaiḃ a sgríoḃ an cúigeaḋ sgéal. Sul a ḃfuair mise é, ċuir mo ḋearṫair, Eoin, eagar beag air; aċ ḃí sgríḃinn an Dálaiġ coṁ maiṫ le heagarṫóraċt Eoin os mo ċoṁair agus mé 'ġá sgríoḃaḋ fa ċoinne an ċlóḋóra. Mé féin a ċuir síos an sgéal deireannaċ atá sa leaḃar.

Léiġ mo ḋearṫair na fromṫa dam agus ṡáḃáil an leaḃar ar a lán de ḋearmaiḋ cló.

SÉAMUS Ó SEARCAIĠ.

Lá Féile Ḃriġde, 1919.

# GRAMMATICAL TERMS.

Abairt, gen. abairte, pl. abairteaċa, a sentence.

Aimsear, tense. aimsear ḟáistineaċ, future tense. aimsear láiṫreaċ, present tense.

Ainmneaċ, nominative. tuiseal ainmneaċ, nom. case.

Cumadóireaċt, composition.

Fireann, male.

Geinide, a genitive. Tuiseal geineaṁnaċ, gen. case.

Moḋ, mood. moḋ coinġiollaċ, conditional mood. moḋ orduiġṫeaċ imperative mood.

Tabarṫaiḋ, a dative. tuiseal tabarṫaċ, dative case.

# Seán agus Niġean an Ríoġ.

Ḃí fear ann uair aṁáin agus ḃí trí ba aige; agus duḃairt sé le n-a ṁac, Seán, lá, 'Taḃair leat ceann de na ba sin 'un aonaiġ i mbáraċ agus díol í. Tá an cíos ag teaċt orainn fa ċionn seaċtṁaine.'

Ṫug Seán an ḃó leis 'un aonaiġ. Ar a ḃealaċ casaḋ air sean-ḟear beag crion liaṫ. 'Is fearr duit an ḃó sin a ṫaḃairt daṁ-sa,' arsa'n sean-ḟear, 'agus ḃeirfiḋ mé bata duit atá agam annseo. Is cuma cá méad duine a ċasfar ar an ḃata, tá sé ábalta [ar] iad a ḃualaḋ uilig. Ḃéiḋ sé fíor-úsáideaċ agat go fóill.'

Ṫug sé dó an ḃó ar an ḃata agus pill 'un a' ḃaile ċuig n-a aṫair.

'Ar ḋíol tú an ḃó?' arsa'n t-aṫair leis. 'Maise, ċar ḋíol,' adeir sé. 'Casaḋ sean-ḟear beag crion liaṫ orm agus rinn' mé malairt leis—an ḃó ar an ḃata [seo].' 'Ó,' arsa'n t-aṫair, 'cuirfiḋ mé ar siuḃal ó mo ṫeaċ ar fad tú.'

D'iarr Seán ar an ḃata gaḃáil i gcionn gnaiṫe agus iad uilig a ḃualaḋ isteaċ i gcoirnéal aṁáin. Rinn' an bata sin.

'Tá bó eile annsin,' arsa'n t-aṫair; 'taḃair leat 'un aonaiġ í agus díol í; agus ḃí siúráilte an cíos a ḃeiṫ 'un a' ḃaile leat, nó

aonaiġ = geiniḋe an ḟocail 'aonaċ' .i. áit a ndíoltar ba, caiple, caoiriġ, ⁊rl.

cíos = airgead a ḋíoltar le tiġearna ar son talaiṁ nó toiġe.

crion: ḃí aġaiḋ an tsean-ḟir caite feoiḋte.

liaṫ: ḃí a ċuid gruaige ag éirġe bán.

rinn' = rinne.

malairt = rud aṁáin a ṫaḃairt ar rud eile.

cuirfiḋ mé ar siuḃal tú = ḃéarfaiḋ mé ort imṫeaċt.

gaḃáil i gcionn gnaiṫe = toiseaċt a d'obair.

siúráilte = cinnte.

cuirfiḋ an tiġearna amaċ sinn muna ndíolamuid an cíos.'

B'fíor é; lá ar n-a ḃáraċ ṫug Seán an dara bó leis 'un aonaiġ. Ċa dteaċaiḋ sé i bfad nuair a casaḋ an fear beag críon air. 'Is fearr duit an bó sin a ṫabairt dam-sa,' ar seisean. 'Tá bocsa agam annseo agus beirfiḋ mé duit an bocsa ar an bó. Tá luċóg agus cearnamán san bocsa agam. Béiḋ siad fíor-úsáideaċ agat go fóill.'

Ṫug sé dó an bó ar an bocsa agus pill 'un a' baile ċuig n-a aṫair.

'Ar ḋíol tú an bó?' adeir an t-aṫair leis. 'Maise, ċar ḋíol,' arsa Seán. 'Casaḋ an sean-fear beag orm indiu arís agus ṫug mé an bó dó ar an bocsa seo.' 'Ċa ḃionn tú sa mo ṫeaċ níos fuide,' arsa'n t-aṫair: 'tá mé sgriosta agat.'

D'iarr Seán ar an bata ġabáil i gcionn snaiṫe; agus buail an bata iad uilig isteaċ i gcoirneál amáin.

'Níl agam aċ bó amáin anois,' arsa'n t-aṫair; 'tabair leat 'un aonaiġ í agus díol í; is ná tabair í don tsean-fear beag liaṫ. Bí siúbáilte agus tabair 'un aonaiġ í, agus bíoḋ a luaċ 'un a' baile leat—ċa ngeoḃmuid spás níos fuide sa cíos. Cuirfear amaċ sinn muna ndíolamuid an cíos gan moill.'

B'fíor é; ṫug Seán leis an tríomaḋ bó le ġabáil 'un aonaiġ. Ċa dteaċaiḋ sé i bfad gur casaḋ an sean-fear beag liaṫ dó. 'Is fearr duit an bó sin a ṫabairt dam-sa,' ar seisean. 'Tá bocsa eile

TIĠEARNA .i. an fear ar leis an talaṁ.

ĊA DTEAĊAIḊ = ní ḋeaċaiḋ.

BOCSA=bosca.

LUĊÓG=luċ.

CEARNAMÁN = ceartlomán .i. rud ar a dtugtar 'hornet' i mBéarla.

ĊA ḂIONN=ní ḃéiḋ.

TÁ MÉ SGRIOSTA AGAT=tá mé briste anois mar ġeall ar an dóiġ ar ḋíol tú na ba.

COIRNEÁL=cúinne.

ĊA NGEOḂMUID=ní ḟuiġmid.

SPÁS=tamall aimsire.

agam annseo agus beirfiḋ mé duid é. Béiḋ sé 'na bocsa fíor-úsáideaċ agat go fóill. Tá fideal ann a dtig léiṫe gaċ a'n ċineál port a bualeaḋ; agus tá tábla bíḋ agus diġe ann. Níl a'n am 'á bfosglóċas an bocsa naċ dtiocfaiḋ an tábla amaċ; agus is cuma cá méad duine fuiḋfeas síos ag an tábla, geobaiḋ siad uilig a sáiṫ le hiṫe agus le hól.'

fideal=gléas ceoil.
port=fonn.
bíḋ=geinide an ḟocail 'biaḋ.'
diġe=geinide an ḟocail 'deoċ.'

Ṫug sé dó an bó ar an bocsa agus ṗill 'un a' baile ċuig n-a aṫair.

'Ar díol tú an bó indiu?' arsa'n t-aṫair. 'Maise, ċar díol mé an bó indiu,' arsa Seán. 'Casaḋ an sean-ḟear crion liaṫ orm agus ṫug mé an bó dó ar an bocsa [seo].' 'Maise,' adeir an t-aṫair, 'cuirfear amaċ uilig sinn anois.' 'B'féidir naċ gcuirfiḋe,' arsa Seán. 'Seo bocsa ṫug an sean-ḟear dam-sa ar an bó agus tá tábla ann; agus is cuma cá huair a ḟosglóċas an bocsa, tig an tábla amaċ; agus is cuma cá méad duine fuiḋfeas aige, béiḋ a sáiṫ bíḋ agus diġe le faġáil acu uilig.'

D'ḟosgail an mac an bocsa, ṫionntuig an tábla amaċ, suiḋ an teaġlaċ ṫart fa'n tábla, agus d'iṫ agus d'ól a sáiṫ.

teaġlaċ=luċt tiġe.

Ḃí rí 'na ċomnuiḋe san áit ċéadna seo agus ċa raḃ aige aċ aon niġean aṁáin, agus ċuir an rí fuagraḋ amaċ go bfuiġeaḋ fear ar biṫ í a ḃéaḋ ábalta [ar] trí ġáire a baint airti. Dubairt Seán le n-a aṫair go raċaḋ seisean. 'Níl mórán maiṫ duiḋ-se ġabáil a d'amarc ar niġin ríoġ,'

niġean=inġean.
fuagraḋ=scéala a ċuirtear os comair an ṗobail.

TÓGAḊ RÓ-ḂOĊT TÚ = ní raḃ dóiġ ró-ṁaiṫ ar do ṁuintir, ḃí siad boċt.

AR SGOR AR BIṪ = ar ḋóiġ ar biṫ.

arsa'n t-aṫair; 'tógaḋ ró-ḃoċt tú le niġin ríoġ a ḟaġáil le pósaḋ.' 'Is cuma liom,' arsa Seán, 'raċaiḋ mé a d'amharc uirti ar sgor ar biṫ.'

Ċuaiḋ sé agus tug leis a ḃata agus a ḃocsa. Śiuḃail leis go dteaċaiḋ sé a ḟad le caisleán an ríoġ.

GOIDÉ A ḂÍ A ḊÍṪ AIR = goidé a ḃí uaiḋ.

Casaḋ an rí air nuair a ḃí sé ag gaḃáil ar aġaiḋ 'un toiġe. D'ḟiafruiġ sé de goidé a ḃí a ḋíṫ air. 'Do niġean má ḃím ábalta [ar] trí gáire a ḃaint aisti.'

Ċuaiḋ sé isteaċ. Ḃí niġean an ríoġ tuas an staiġre. D'iarr an rí uirti teaċt anuas. Ṫainic sí a ḟad le cionn an staiġre agus d'amharc sí síos.

D'ḟosgail Seán an ḃocsa a raḃ an fideal agus an tábla ann. Annsin d'ḟosgail sé an ḃocsa a raḃ an luċóg agus an ceasnamán ann. Ṫoisiġ an luċóg agus an ceasnamán a ḋamsa ar an tábla.

DAṀSA = rinnce.

Rinn' niġean an ríoġ gáire. 'Tá gáire amáin agam ar do niġin,' arsa Seán. 'Tá,' arsa'n rí.

PORTAIḊEAĊT = ceol damhsa nó rinnce.

Ṫoisiġ an fideal a portaiḋeaċt arís, agus ṫoisiġ an luċóg agus an ceasnamán a ḋamsa.

Rinn' niġean an ríoġ gáire eile. 'Sin ḋá gáire [agam ar do niġin],' arsa Seán. ''Seaḋ,' arsa'n rí.

Ṫoisiġ an fideal a portaiḋeaċt arís, agus ṫoisiġ an luċóg agus an ceasnamán a ḋamsa.

Rinn' niġean an ríoġ an tríomaḋ gáire. 'Tá an tríomaḋ gáire agam ar do niġin,' arsa Seán. 'Tá,'

arsa'n rí, 'agus geobaiḋ tú mo níġean le pósaḋ.'

Ċruinniġ siad banais ṁór agus pósaḋ iad.

banais = féasta an pósta.

An tríomaḋ lá i ndiaiḋ a bpósta d'fiafruiġ níġean an ríoġ de n-a fear an bfaca sé an áit a raḃ leoṁain a haṫar. Duḃairt seisean naċ bfaca. 'Is fearr duiḋ teaċt liom-sa,' ar sise, 'go dteisbeánóċaiḋ mé iad duiḋ.'

leoṁain .i. lions.

teisbeánóċaiḋ = taisbeánóċaiḋ.

Ċuaiḋ sé léiṫe agus d'fosgail sí an geabta. D'aṁarc seisean isteaċ ar na leoṁain. 'Searuiġ isteaċ giota eile,' ar sise, 'ċan feiceann tú baoġal orṫa go fóill.'

geabta = geata.

baoġal orta = an ċuid is mó, an mór ċuid díobṫa.

Ṡearuiġ sé isteaċ giota eile. Ċuir sí a dá láiṁ leis, ċaiṫ isteaċ imeasg na leoṁan é, agus ḋruid an geabta.

ḋruid = dún.

D'iarr Seán ar an bata ġabáil i gcionn gnaiṫe gur ġread sé na leoṁain isteaċ i gcoirneál aṁáin. D'fosgail sé an bosca ina raḃ an fideal agus an tábla agus d'iṫ agus d'ól a sáiṫ. Ḃí sé beo istoiġ imeasg na leoṁan trí lá. Smaointiġ sise go raċaḋ sí a d'aṁarc air; agus ċuaiḋ.

gread = buail.

Nuair a d'fosgail sí an geabta, ḃí Seán 'na suiḋe istoiġ ag gabáil ceoil. Smaointiġ sí go raḃ fuil uasal ann nuair nár ṁarḃ na leoṁain é. D'fosgail sí an geabta dó agus ṫainic sé amaċ. Fuair sé beiṫ 'na ríġ.

go raḃ fuil uasal ann .i. gur síolruiġ sé ó ḋaoinib uaisle, nár ḋuine uir-íseal é.

Tamall gearr ina ḋiaiḋ sin ṫug sé leis a aṫair agus a ṁáṫair agus an ċuid eile den teaġlaċ, agus ċaiṫ siad beaṫa ḋeas pléisiúrḋa 'na ḋiaiḋ sin.

beaṫa = saoġal.

## CEISTEANNA.

Caḋ ċuige ar iarr an fear ar an ṁac an bó a ṫabairt 'un aonaiġ? C'ainm a ḃí ar an ṁac? Cé casaḋ ar Seán ar an ḃealaċ? Ġoiḋé d'ḟuráil an sean-ḟear beag críon liaṫ ḋó ar an ḃoin? Innis goiḋé an ṁaiṫ a ḃí sa ḃata. An raḃ an t-aṫair sásta nuair a ṫainic Seán 'un a' ḃaile agus dubairt go dtug sé an bó ar ḃata? Ġoiḋé mar tá a fios agat naċ raḃ? Caḋ ċuige nár ċuir an t-aṫair Seán ar siubal ón teaċ ar fad? Innis goiḋé mar d'éiriġ do Ṡeán leis an dara bó. Ġoiḋé ḃí sa ḃocsa fuair sé uirṫi? Caḋ ċuige nár ċuir an t-aṫair Seán amaċ nuair a ṫainic sé 'un a' ḃaile leis an ḃocsa i n-ionaḋ luaċ na bó? Ġoiḋé dubairt an t-aṫair le Seán nuair a ḃí sé 'ġa ċur 'un aonaiġ agus an tríoṁaḋ bó leis? Ġoiḋé d'éireoċaḋ dóḃta mura ndíolaḋ siad an cíos? An raḃ rud ar biṫ sa ḃocsa a fuair Seán ar an tríoṁaḋ bó? Ġoiḋé rinne sé leis nuair a ṫainic sé 'un a 'ḃaile? Cá raḃ an rí 'na ċoṁnuiḋe? Ġoiḋé an fuagraḋ ċuir sé amaċ? Caḋ ċuige ar ṁeas an t-aṫair naċ mbéaḋ maiṫ do Ṡeán dul a d'amarc ar niġin an ríoġ? Cé casaḋ ar Ṡeán agus é ar a ḃealaċ go caisleán an ríoġ? Cá raḃ an inġean san am seo? Innis goiḋé mar ḃain Seán an ċéad ġáire airti. Agus an dara gáire. Agus an tríoṁaḋ gáire. Nuair a ḃí na trí ġáire aige airti, goiḋé dubairt an rí leis? Ar pósaḋ iad? Ġoiḋé ṫarla an tríoṁaḋ lá i ndiaiḋ a bpósta? Caḋ ċuige nár ṁarḃ agus nár iṫ na leoṁain Seán? Caḋ ċuige naċ ḃfuair sé bás leis an ocras? Ġoiḋé mar fuair a ḃean Seán nuair d'fosgail sí an geabta? Ġoiḋé ṁeas sí nuair a ċonnaic sí nár iṫ na leoṁain é? An ḃfuair sé ḃeiṫ 'na ríġ? Innis goiḋé rinne sé le n-a aṫair agus le n-a ṁáṫair agus leis an ċuid eile den teaġlaċ

## CUMAḊÓIREAĊT.

Sgríoḃ cunntas beag ar ḃoin —— a cuma —— an dóiġ a maireann sí —— a cuid bainne —— a cuid feola —— a croiceann —— a haḃarca.

Innis sgéal fa aonaċ ar biṫ ar a raḃ tú.

Sgríoḃ leitir ċuig caraid ag cur fios ḋó ar ḃanais.

## GRAMADAĊ.

I.—Críoċnuiġ na habairteaċa seo:
Ḃí cúig —— (bó) aige.
—— ċeannaiġ tú an bó?
Cuirfiḋ an tiġearna amaċ mé mura —— mé an cíos.
Tá fear annseo —— leis Gaeḋilg a labairt.
Tá cailín ar an sgoil ——— Gaeḋilg a sgríoḃaḋ.
Tá mo sáiṫ —— (biaḋ) agus —— (deoċ) agam.
Ċuir sé sgéala ċugam go ——— (ġeobainn) leabair seanċais ina leiṫéid seo de siopa.
D'fiafruiġ sé —— cá raḃ sé ag gaḃáil.
Sin an póca —— an piġinn ann.
'Tcím an teaċ —— tú 'do ċómnuiḋe ann anuraiḋ.
Ċonnaic mé an lánamain i ndiaiḋ a —— (pósaḋ).
Ḃí sé imeasg na —— (fir).

II.—"D'fosgail an mac an bosca, ṫionntuiġ an tábla amaċ, suiḋ an teaġlaċ ṫart fa'n tábla, agus d'iṫ agus d'ól a sáiṫ.

"Ċuaiḋ sé agus ṫug leis a ḃata agus a ḃosca. Ṡiuḃail leis go dteaċaiḋ sé a fad le caisleán an ríoġ."

Sgríoḃ é sin agus an aimsear láiṫreaċ agat ann.

"Ċuaiḋ sé isteaċ. Ḃí inġean an ríoġ ṫuas an staiġre. D'iarr an rí uirṫi teaċt anuas. Ṫainic sí a fad le cionn an staiġre agus d'amarc sí síos.

"D'fosgail Seán an bosca a raḃ an fideal agus an tábla ann. Annsin d'fosgail sé an bosca a raḃ an luċóg agus an ceasnamán ann. Ṫoisiġ an luċóg agus an ceasnamán a ḋamsa ar an tábla."

Sgríoḃ é sin agus an aimsear fáistineaċ agat ann.

"Ṡeasuiġ sé isteaċ giota eile. Ċuir sí a dá láiṁ leis, ċaiṫ isteaċ imeasg na leoṁan é, agus ḃruiḋ an geaḃta.

"D'iarr Seán ar an ḃata ġaḃáil i gcionn gnaiṫe gur ġread sé na leoṁain isteaċ i gcoirneál amáin. D'fosgail sé an bosca ina raḃ an fideal agus an tábla agus d'iṫ agus d'ól a sáiṫ. Ḃí sé beo istoiġ imeasg na leoṁan trí lá. Smaointiġ sise go raċaḋ sí a d'amarc air; agus ċuaiḋ."

Cuir 'dubairt mé' roiṁe sin, agus sgríoḃ ar an nua é.

# Mac an Ġaḃa.

Ḃí an gaḃa pósta agus fuair a bean bás bliaḋain i ndiaiḋ mac óg a ḃeiṫ aici.

Nuair a ḃí an mac ábalta [ar] siuḃal 'un na sgoile, ċuir a aṫair 'un na sgoile é agus ċoinnig ar an sgoil é go raḃ sé dá bliaḋain déag d'aois.

Ṫainic sé isteaċ lá amáin i ndiaiḋ am sgoile. Nuair a rinn' sé a ḋinneár, ċuaiḋ sé amaċ 'un na ceárdċa, an áit a raḃ a aṫair ag obair. Ṡuiḋ sé síos ar ċlaḋaċ na teineaḋ. Ḃí sioc agus sneaċta an domain ann, agus ṫainic éan beag isteaċ ar an urlár. Ṫoisig an t-éan a ġaḃáil ceoil—is ḃí oireaḋ foġluma ag mac an ġaḃa is go dtuigfeaḋ sé goidé ḃéaḋ na héanaċa a ráḋ.

'Goidé tá an t-éan beag sin a ráḋ?' arsa'n t-aṫair le n-a ṁac. 'Ċan foġnann sé ḋaṁ-sa sin a innse duid,' arsa'n mac. 'Mura n-innse tú ḋaṁ goidé tá an t-éan beag sin a ráḋ,' arsa'n t-aṫair, 'cuirfiḋ mé ar siuḃal i mbéal do ċinn tú.' 'Maise,' arsa'n mac leis an aṫair, 'má's mar sin atá, innseoċaiḋ mé duid: deir an t-éan beag sin go dtiocfaiḋ mise i n-oireaḋ saiḋbris go fóill is go raċaiḋ mé a niġe m'aġaiḋe is mo láṁ ṫuas a ċois na teineaḋ, is go raċaiḋ tusa síos 'un tseomra fa ċoinne éadaċ

CEARDĊA = an teaċ ina mbíonn gaḃa ag obair.

CLAḊAĊ NA TEINEAḊ = an teinteán nó na leacaċa bíos fa ṫeiniḋ.

SNEAĊTA AN DOMAIN = sneaċta an-ṁór.

OIREAḊ = an méid.

ĊAN FOĠNANN = ní fóirfiḋ, ní ḋéanfaiḋ sé cúis.

MURA = muna.

MBÉAL DO ĊINN = imṫeaċt agus gan a fios agat cá bfuil tú ag gaḃáil.

FA ĊOINNE = fa ḋéin.

láṁ ḋaṁ le m'aġaiḋ is mo láṁa a ċriomú, is [go b-] pillfiḋ tú anios ar an tseompa ar do ġlúinib tárnoċta is [go] sínfiḋ tú an t-éadaċ ċugam-sa le m'aġaiḋ is mo láṁa a ċriomú.' 'Má's mar sin atá,' arsa'n t-aṫair leis an ṁac, 'tá tú fada go leor agam-sa,' ag fáġáil greime ar an ṁac is a ṫabairt leis 'un na fairrge gur ċaiṫ amaċ é.

a ċriomú = a ḋéanaṁ tirim.

pillfiḋ = pillfiḋ, tillfiḋ.

tárnoċta = gan éadaċ ar biṫ orṫa.

Ḃí an ċuid a b'fearr den tsnáṁ ag an ṁac, agus ṡnáṁ sé amaċ ċuig oileán beag a ḃí san fairrge.

an ċuid a b'fearr den tsnáṁ = ḃí snáṁ an-ṁaiṫ aige.

Ḃí sé amuiġ ar an oileán annsin, is ṫáinic long as Sasain isteaċ.

isteaċ .i. isteaċ go dtí an t-oileán.

Ḃí caiptín na luinge ag siubal ṫart ar bord agus gloine aige ag amharc fa dtaoḃ de. 'Tċí sé an garsúr beag seo ar an oileán gan aonduine aige aċ é féin. D'orduiġ sé do na seoltóiriḃ bád a leagan agus gabáil ċuig an oileán ar a raḃ an garsúr agus é a ṫabairt ar bord ċuige-san.

fa dtaoḃ de = ina ṫimċeall.

aonduine = duine ar biṫ.

seoltóirí = mairnéalaiġ .i. fir a ḃíos ar luing.

bád a leagan = bád dá raḃ ar an luing a ċur ar an fairrge.

Leag na seoltóirí an bád agus ċuaiḋ ċuig an oileán a raḃ an garsúr air. Ṫóg siad an garsúr leobṫa sa bád agus d'fág siad é ar bord ag an ċaiptín.

Ar maidin lá ar n-a ḃáraċ seol an caiptín leis go dteaċaiḋ sé go Sasain. Nuair a ċuaiḋ sé a fad le talaṁ Ṡasana, ar seisean leis an garsúr: 'Is fearr duid-se ġabáil i dtír anois.'

go dteaċaiḋ = go ndeaċaiḋ.

i dtír = dul ar talaṁ as bád nó luing.

Ṡiubail an garsúr leis. Ċonnaic sé ceaṫrar fear ag siubal roiṁe ar an bealaċ ṁór, agus cá raḃ an ceaṫrar fear ag gabáil aċ 'un na ceandta. Ṡiubail sé leobṫa go

bealaċ mór = bóṫar, ród.

dteaċaiḋ siad a ḟad leis an ċeardċa. Ċuaiḋ sé isteaċ is suiḋ síos a ċois na teineaḋ, an áit a raḃ an gaḃa ag obair.

Nuair a ḃí an gaḃa réiḋ le n-a ċuid oibre tráṫnóna, d'ḟiafruiġ sé den gasúr goidé a ḃí a ḋíoġḃáil air-san. 'Maise, níl a ḋaṫ a ḋíoġḃáil orm-sa,' arsa'n gasúr, 'aċ lóistín uait-se go maidin.' Ag toiseaċt is 'ġa innse dó gur mac boċt gaḃa a ḃí ann ar Éirinn, is goidé rinn' a aṫair leis. 'Má's mar sin atá,' adeir an gaḃa, 'coinneoċaiḋ mise tú. Béiḋ tú a ḋíoġḃáil orm le timṫireaċt beag a ḋéanaṁ daṁ. Níl aonduine agam aċ mé féin is mo ḃean.'

Ḃí sé ag an gaḃa annsin go cionn ṫrí mbliaḋan.

Ṫainic bliaḋain ṁór leaṫ-ṫruim i nÉirinn—droċ-ḃarr agus gann-tanas biḋ. D'ḟág na préaċáin uile-go-léir Éire agus d'imṫiġ siad go Sasain aċ coileaċ is cearc. Ṫug an ċearc amaċ éilḃín, is fuair an t-éilḃín uile-go-léir bás aċ ceann amáin. D'ḟág an ċearc an t-éan sin is d'imṫiġ sí go Sasain, an áit a raḃ an fairsingeaċt. D'ḟan an coileaċ gur ṫóg sé an t-éan.

Ṫainic bliaḋain ṁaiṫ i nÉirinn an darna bliaḋain, le fairsingeaċt biḋ, is ṫainic na préaċáin uilig ar ais go hÉirinn.

Ṫoisiġ an coileaċ is an ċearc a ṫroiḋ fa'n éan, fa ċéacu acu b'ḟearr ceart air. D'ḟág siad fa ḋeireaḋ ag ríġ na Sasana le socrú é—céacu an coileaċ nó an ċearc

a ḋíoġḃáil = a ḋíṫ, ag tastáil.

a ḋaṫ = rud ar biṫ.

timṫireaċt = obair éadtrom, teaċt-aireaċt.

bliaḋain leaṫ-ṫruim = bliaḋain gorta, bliaḋain a raḃ an biaḋ gann.

uile-go-léir = go huile.

éilḃín = éilín, ál sicíní.

an fairsingeaċt = go leor biḋ.

ṫóg = go dtug sé biaḋ agus aire dó gur fás sé aníos.

an darna = an dara.

uilig = go huile.

b'ḟearr ceart air = ba ċirte an t-éan a ḃeiṫ aige.

ḃ'ḟearr ceart ar an éan. Ċa dtiocfaḋ le ríġ na Sasana ġabáil amaċ lá ar biċ 'na ḋiaiḋ sin naċ raḃ na préaċáin uilig cruinniġṫe fa dtaoḃ ḋe.

'Níl a fios agam,' arsa'n rí, 'goidé an réasún an ḃfuil na préaċáin uilig cruinn fa dtaoḃ díom-sa, nuair a ṫéiġim amaċ, aċ oiread le fear ar biċ eile sa ríoġaċt.'

Ċa raḃ ag an ríġ aċ aon inġean aṁáin, is ċuir sé ar na páipéir go dtaḃairfeaḋ sé a inġean agus a ċuid oiġriḋeaċta, óna lá féin amaċ, do ḃuaċaill ar biċ a dtiocfaḋ leis a innse dó goidé ba ċiall do na préaċáin ḃeiṫ cruinn fa dtaoḃ dó-san aċ oiread le fear ar biċ eile sa ríoġaċt.

Ḃí an gaḃa a raḃ an gasúr aige ag fáġáil na bpáipéar, agus ar seisean leis an gasúr: 'An dtiocfaḋ leat-sa an réasún a innse?' 'Tiocfaḋ liom,' arsa'n gasúr. 'Má ṫig,' arsa'n gaḃa, 'raċaiḋ mise agus tusa go caisleán an ríoġ i mbárac.' 'Níl maiṫ daṁ-sa ġaḃáil,' arsa'n gasúr, 'oir tógaḋ ró-ḃoċt mé.' 'Ċa dean sin a ḃaċ de ḃuiṫḃir,' arsa'n gaḃa. 'Ġeoḃaiḋ mise culaiḋ éadaiġ duit coṁ maiṫ is ḃéas ag an ċruinniú i mbárac, is beaṫaḋaċ.'

Ṡiuḃail siad leoḃṫa go dteaċaiḋ siad a fad le caisleán an ríoġ. Ḃí oiread daoine annsin cruinn is gaċ aonduine ag innse a sgéil féin; aċ ċa raḃ na préaċáin ag fáġáil an ríoġ le n-a linn. Fa ḋeireaḋ laḃair

CRUINNIĠṪE FA DTAOḂ DE = le ċéile ina ṫimċeall.

RÉASÚN = fáṫ, cúis.
CRUINN = cruinniġṫe.

AĊ OIREAD = ṫar.

RÍOĠAĊT = tír.

OIĠRIḊEAĊT = saiḋḃreas a ḟágas duine atá ag fáġáil báis ag duine eile.
ÓNA LÁ FÉIN AMAĊ = ón lá ġeoḃaḋ sé féin bás.

NÍL MAIṪ DAṀ-SA ĠAḂÁIL = ní ḃéiḋ rud ar biṫ de ḃarr agam-sa dul.

CULAIḊ ÉADAIĠ .i. cóta, bríste, agus beiste.

BEAṪAḊAĊ = capall .i. gearrán nó láir.

OIREAD = cuid mór.

LE N-A LINN .i. le linn na sgéalta.

goiḋé ba ċiall dóḃta=cad ċuige, goiḋé an fáṫ an raḃ na préaċáin. . . .

ar aġaiḋ='un toraiġ.

an ċúis=an ċeirt.

muraḃ é=muna mbéaḋ.

an gaḃa amaċ is duḃairt go raḃ garsúr aige-san annseo a dtiocfaḋ leis a innse goiḋé ba ċiall dóḃta beiṫ cruinn fa dtaoḃ de.

D'iarr an rí ar an ġarsúr teaċt ar aġaiḋ ċuige-san; is nuair a ċuaiḋ sé i láṫair an ríoġ, arsa'n rí leis: 'An dtig leat a innse goiḋé an résún an bfuil na préaċáin cruinn fa dtaoḃ díom-sa aċ oiread le fear ar biṫ eile sa ríoġaċt?' 'Tig liom,' arsa'n garsúr. 'Ḃí bliaḋain mór leaṫ-truim i nÉirinn is droċ-ḃarr is an biaḋ gann, is d'ḟág na préaċáin uilig Éire is ṫainic siad go Sasain, an áit a raḃ an biaḋ fairsing.' 'Ṫainic,' arsa'n rí. 'D'ḟan coileaċ agus cearc i nÉirinn,' arsa'n garsúr, 'is ṫug an ċearc amaċ éilbín; is nuair a ṫainic an t-éilbín amaċ, fuair na héanaċa uilig bás aċ aon ċeann amáin. D'ḟág an ċearc an t-éan is ṫainic go Sasain, an áit a raḃ an fairsingeaċt, is d'ḟan an coileaċ gur ṫóg sé an t-éan. Ḃí bliaḋain maiṫ i nÉirinn annsin an dara bliaḋain, is ċuaiḋ na préaċáin uilig 'un a' baile go hÉirinn, is ṫoiriġ an coileaċ agus an ċearc a ṫroid fa'n éan, fa ċéacu acu b'ḟearr ceart air, is d'ḟág siad agat-sa an ċúis le socrú.' 'An dtug an ċearc amaċ an t-éilbín?' arsa'n rí. 'Ṫug,' arsa'n garsúr; 'aċ d'ḟág sí é annsin is d'imṫiġ sí go Sasain, is muraḃ é an coileaċ, ġeoḃaḋ an t-éan bás, agus is é is fearr ceart air anois.'

Le sin d'éiriġ na préaċáin uilig is d'ḟág siad an rí is ċa raḃ aon ċeann

le feiceáil fá dtaoḃ de níos mó.

'Anois,' arsa'n rí, 'tá mise ag taḃairt mo niġne don ġarsún le pósaḋ is mo ċuid saiḋḃris ó mo lá féin amaċ.'

SAIḊḂRIS = geinide an focail 'saiḋḃreas' .i. airgead nó maoin.

Pósaḋ an garsún agus niġean an ríoġ.

Ċuir an rí an garsún ċuig sgoil ṁúinte go cionn bliaḋna; is ḃí niġean ríoġ eile ag an sgoil ṁúinte seo is ṫuit sí i ngráḋ leis is ċa ḋeanfaḋ rud ar biṫ cúis di aċ go bpósfaḋ sí é. Duḃairt an garsún naċ bpósfaḋ sé í, oir go raḃ sé pósta ar niġin ríoġ mar ḃí sé.

ĊA ḊEANFAḊ RUD AR BIṪ CÚIS DI = ní ḃéaḋ sí sásta go bpósfaḋ sí é.

Ḃí fáinne ar niġin an ríoġ a ḃí ar an sgoil is ḃris sí ina ḋá ċuid é. 'Anois,' ar sise, 'ḃeirfiḋ mé a leaṫ duit-se is coinneoċaiḋ mé féin an leaṫ eile, is má ṫig a ḋaṫ ar cearr ort a ċoiḋċe, ṫig leat teaċt a faḋ le caisleán m'aṫara agus leaṫ an fáinne a ṫeisbeáint dam-sa.' Duḃairt sí focal cainte leis annsin is d'iarr sí air an focal sin a ráḋ nuair a ṫiocfaḋ sé a faḋ léiṫe ar eagla naċ n-aiṫneoċaḋ sí é.

LEAṪ = ½.

AR CEARR = contrá-ilte.

A ĊOIḊĊE = go bráṫ.

Ċuaiḋ sé 'un a' baile annsin ċuig a ḃean féin, is ḃí sé aici trí bliaḋna nuair a fuair sí amaċ gur mac gaḃa boiċt ar Éirinn é. Glac sí fuaṫ mór dó, is ṫug sí deoċ dó aon oiḋċe aṁáin is ḃris a ċroiceann uile-go-léir amaċ is ċa ḋeanfaḋ a ḋaṫ cúis do n-a ṁnaoi aċ go ndíbreoċaḋ sí ar siuḃal ón teaċ ar faḋ é.

FUAṪ = gráin.

GO NDÍBREOĊAḊ SÍ = go gcuirfeaḋ sí ar siuḃal le lám-láidir.

D'imṫiġ sé leis ó áit go háit. Ċa raḃ aonduine sásta [ar] a ċoinneáil i riṫ bliaḋna.

I RIṪ BLIAḊNA = ar feaḋ bliaḋna.

Smaointiġ sé go dtarrainġeoċaḋ sé ar niġin an ríoġ a raḃ sé ar an sgoil ṁúinte ina cuideaċta. Nuair ṫainic sé a fad le geaḃta ċaisleán an ríoġ, ċa leigfeaḋ an fear a ḃí ag coimeád an ġeaḃta isteaċ é. Ċuir mac an ġaḃa ceist air annsin fa niġin an ríoġ, is duḃairt fear an ġeaḃta go raḃ sí pósta le dá ḃliaḋain agus go raḃ mac aṁáin aici bliaḋain d'aois. Duḃairt mac an ġaḃa gur ṁaiṫ leis í a feiceáil.

TEAĊTAIRE=duine ṫéiġeas le sgéala ċuig duine eile.

Ċuaiḋ teaċtaire ċuig niġin an ríoġ is ṫainic sí 'un an ġeaḃta, is ṡín seisean leaṫ an fáinne ċuici a ṫug sí dó nuair a ḃí siad ar an sgoil ṁúinte le céile. Duḃairt sí nárḃ' é a ḃí ann ar ċor ar biṫ. Duḃairt seisean annsin an focal cainte aduḃairt sí leis nuair a ḃí siad ag sgaraḋ ó céile, is ċreid sí é.

AG SGARAḊ=ag imṫeaċt ó céile.

Ṫug sí isteaċ é agus d'fág in i seomra leis féin é. Ċa raḃ a'n doċtúir maiṫ sa tír naċ dtug sí a d'aṁarc air, is ċa dtiocfaḋ le haonduine acu a ḋaṫ a ṁaiṫ a ḋeanaṁ dó.

IN I SEOMRA=i seomra.
A'N=aon.

A ṀAIṪ=de ṁaiṫ.

Ḃí féasta mór sa ċaisleán aon oiḋċe aṁáin, [ar] siocair gur lá beirṫe an ṁic a ḃí ann, is ḃí na huaisle uile-go-léir cruinn acu. Ċuaiḋ máṫair an páiste (.i. niġean an ríoġ) isteaċ 'un tseomra, an áit a raḃ mac an ġaḃa 'na luiġe ag éagcaoin. 'An ḃfuil a fios agat,' ar sise leis, 'rud ar biṫ ar an doṁan a ġeanfaḋ a ḋaṫ a ṁaiṫ duid? Má tá a fios, ġeoḃaiḋ mise duid é.' 'Ċan fuil a fios agam a ḋaṫ,' ar seisean, 'aċ aon rud aṁáin,

SIOCAIR=mar ġeall ar, de ḃríġ.

CRUINN ACU .i. ag luċt an ċaisleáin.

AG ÉAGCAOIN=ag mairgniġ is ag caint le féin.

is má ġeiḃim sin, fuiġfiḋ sé slán folláin mé—sin fuil do ṁic-sa le cumailt orm.'

*le cumailt=le cur ar mo ċroiceann.*

Ċuaiḋ sí isteaċ 'un tseomra, an áit a raiḃ a mac féin 'na luiġe, is ṫarraing a cuid fola is cumail sí ar mac an ġaḃa é is d'éiriġ sé suas ċoṁ slán folláin is ḃí sé ariaṁ.

*leiġeasta=nuair a ḃí biseaċ air.*

Nuair a ḃí mac an ġaḃa leiġeasta, ċaiṫ sé dá ṁí eile sa ċaisleán. Lá amháin, i gcionn an ama sin, ċuaiḋ inġean an ríoġ 'un cainte leis, agus ar sise: 'Is fearr duid ġaḃáil 'un a' ḃaile anois ċuig do ḃean go Sasain is raċaiḋ mise agus m'fear leat.'

D'imṫiġ siad leoḃṫa; is nuair a ċonnaic bean ṁic an ġaḃa ag teaċt iad, ċuaiḋ sí amaċ is ċuir fáilte ṁór rompa, mar ḃí lúṫġáir an domain uirṫi go raiḃ a fear slán folláin ar ais.

Tamall 'na diaiḋ sin, duḃairt sí leis: 'Is fearr duid ġaḃáil 'un a' ḃaile go hÉirinn is raċaiḋ mise leat le d'aṫair a taḃairt linn anseo, mar tá sé beo boċt i nÉirinn agus tá ar sáiṫ againne le taḃairt dó.'

*sáiṫ=go leor de gaċ rud.*

Tainic siad go hÉirinn sa ċoinne an aṫara. An tráṫnóna sin ḃí an gaḃa duḃ 'na seasaṁ amuiġ ag an dorar is ċonnaic sé cóiste ag teaċt agus dá ḃeaṫaḋaċ ḃána ann. Ṫiomáin siad leoḃṫa go dtainic siad 'un na sráide ċuig an ġaḃa duḃ, is d'iarr an mac lóistin air go maidin. Ṫug sé loistin dóḃṫa.

*tiomáin siad=ċuir siad na beaṫaḋaiġ ar aġaiḋ.*

Ar maidin lá ar n-a ḃárac d'éiriġ an gaḃa duḃ go luaṫ; is nuair a

*go luaṫ=go moċ.*

sgála=mias.

d'éiriġ an mac, d'fág an t-aṫair an sgála uisge aige ar ċladaċ na teineaḋ le n-a agaiḋ agus a láṁa a niġe. Annsin ċuaiḋ sé síos 'un treompa fa ċoinne éadaċ láṁ go dtriomóċaḋ an mac a agaiḋ is a láṁa leis. Nuair a ḃí sé ṫíos, ċuaiḋ sé ar a dá ġlúin ċárnoċta is siubail aníos mar sin gur sín sé an t-éadaċ láṁ ċuig a ṁac.

'Anois,' arsa'n mac leis, 'an ḃfuil cuiṁne agat goidé ḃí an t-éan beag a ráḋ an lá ḃí sé ag gaḃáil ċeoil ar urlár na ceardċa?' 'Is cuiṁneaċ liom,' arsa'n t-aṫair. 'An tusa mo ṁac?' 'Is mé,' arsa'n mac.

Ṫug sé leis an t-aṫair annsin go Sasain, go caisleán an ríoġ, is ḃí a sáiṫ uilig acu.

## CEISTEANNA.

Cá huair a fuair bean an ġaba bás? Cá fad a ḃí an mac ar an sgoil múinte? Innis goidé ṫarla sa ċeardċa an lá ḃí an sioc agus an sneaċta mór ann. Cad ċuige ar ċaiṫ a aṫair an gasúr amaċ san fairrge? Cár snáṁ an gasúr? Cé hé an ċéad duine ċonnaic é ar an oileán? Goidé mar tugaḋ ar bord na luinge é? Cár ċuir an caiptín i dtír é? Goidé ċonnaic sé ar an ḃealaċ mór roiṁe? Cá raḃ siad ag gabáil? Goidé duḃairt an gasúr leis an ġaba a ḃí a ḋíṫ air? Cad ċuige ar ċoinniġ an gaba é? Goidé ṫainic i nÉirinn? Cá dteaċaid (ndeaċaid) na préaċáin? Ar fan ceann ar biṫ acu i nÉirinn? Goidé ṫainic ar an éilbin ṫug an ċearc amaċ? Céacu ba í an ċearc nó an coileaċ a ṫóg an t-éan naċ ḃfuair bás? An dtainic na préaċáin ar ais go hÉirinn? Cad ċuige ar ṫoisiġ an coileaċ is an ċearc a ṫroid? Cé aige ar fág siad an ċeist le socrú sa deireaḋ? Goidé an sgéala ċuir sí na Sasana ar na peáipeáir? Goidé mar ċuala an gasúr an sgéala seo? Cad ċuige nár ṁian leis gabáil go caisleán an ríoġ? Innis goidé ḃí ar siuḃal sa ċaisleán nuair a ṫainic an gaba agus an gasúr isteaċ.. Goidé an míniú ṫug an gasúr don ríġ fa na préaċáin ḃeiṫ cruinn fa dtaoḃ de? Goidé an luaċ saoṫair ṫug an rí dó? Ar pósaḋ é ar niġin an ríoġ? Cár ċuir an rí é annsin? Cé ḃí ar an sgoil seo ina ċuideaċta? Cad ċuige naċ bpósfaḋ sé í? Goidé ṫug sí dó nuair a ḃí siad ag sgaraḋ le ċéile? Cá fad a ḃí sé ag a ṁnaoi féin go ḃfuair sí amaċ gur mac gaba boiċt as Éirinn é? Goidé rinne an deoċ a ṫug sí dó air? Innis goidé mar ċuir sé é féin i n-aiṫne do niġin an ríoġ a raḃ sé ar sgoil ina cuideaċta. Goidé rinne sí dó? Cá fad a ḃí sí pósta san am? Goidé leiġeas an gasúr sa deireaḋ? Cé ḃí leis ar a ṫeaċt 'un a' ḃaile ċuig a ṁnaoi féin dó? An raḃ fáilte aici-se rompa? Cad ċuige an dtainic an gasúr 'un a' ḃaile go hÉirinn? Innis goidé mar d' aiṫin an t-aṫair gurab é a ṁac a ḃí ann. Cá dtug sé a aṫair?

## CUMAḊÓIREAĊT.

Sgríoḃ leitir ċuig caraid ag cur síos dó ar ċeardċa ar biṫ a ċonnaic tú le goirid.

Innis sgéal i dtaoiḃ na sgoile ar a ḃfuil tú.

Sgríoḃ tráċtas ar éanaċaiḃ beaga an aeir—an áit a mbíonn siad san earraċ agus sa tsaṁraḋ—sa ġeiṁreaḋ—a gcuid ceoil—a gcuid neadraċa—an biaḋ ċaiṫeas siad—an ṁaiṫ a ní siad.

Innis sgéal ar biṫ atá ar eolas agat i dtaoiḃ na Sasan.

## GRAMADAĊ.

I.—Críoċnuiġ na habairteaċa seo:

Tá sé ag gabail 'un ——— (an sgoil).
Ṡuiḋ mé i n-aice ——— (an teine).
Tá na —— (éan) ag gabáil ċeoil.
Ṫug sé leis é —— ċaiṫ amaċ sa loċ é.
Ḃí mé ar an oileán ar —— tú inḋé.
Ċonnaic sé seisear —— (fir) ag siubal roiṁe.
Fan san áit ——— tú.
Tá eagla orm go mbéiḋ ganntanas —— (biaḋ) ann i mbliaḋna.
Tá dá —— (cearc) ag mo ṁáṫair.
Ḃeirfiḋ mé pigínn do ḃuaċaill ar biṫ —— (ṫiocfaḋ) leis a innse daṁ cá ḃfuil mo hata.
Ġeoḃaḋ an t-éan bás —— go dtug mise biaḋ dó.
Ḃí sé annseo trí ——— (bliaḋain).
Sin inġean na mná —— tú 'na cuideaċta ar an aonaċ.
Lá —— (breiṫ) an ṁic a ḃí ann.
Ċuaiḋ sé fa ḋéin a —— (aṫair).
Ḃí dá ——— (capall bán) ann.

II.—"Ṫainic sé isteaċ lá aṁáin i ndiaiḋ am sgoile. Nuair a rinn' sé a ḋinneár, ċuaiḋ sé amaċ 'un na ceardċa, an áit a raḃ a aṫair ag obair. Ṡuiḋ sé síos ar ċladaċ na teineaḋ. Ḃí sioc agus sneaċta an doṁain ann, agus ṫainic éan beag isteaċ ar an urlár. Ṫoisiġ an t-éan a ġabáil ceoil —— is ḃí oiread fogluma ag mac an ġaba is go dtuigfeaḋ sé goidé ḃéaḋ na héanaċa a ráḋ."

Sgríoḃ é sin agus an aimsear láiṫreaċ agat ann.

"Ṡiuḃail siad leoḃta go dteaċaiḋ siad a fad le caisleán an ríoġ. Ḃí oiread daoine annsin cruinn is gaċ aonduine ag innse a sgéil féin; aċ ċa raḃ na préaċáin ag fágáil an ríoġ le n-a linn. Fa deireaḋ laḃair an gaḃa amaċ is duḃairt go raḃ gasúr aige-san annseo a dtiocfaḋ leis a innse goidé ba ċiall dóḃta beiṫ cruinn fa dtaoḃ de."

Innis é sin agus an aimsear fáistineaċ agat ann.

"Ṫáinic siad go hÉirinn fa ċoinne an aṫara. An tráṫnóna sin bí an gaḃa duḃ 'na ṡeasaṁ amuiġ ag an doras is ċonnaic sé cóiste ag teaċt agus dá ḃeaṫaḋaċ bána ann. Ṫiomáin siad leoḃta go dtáinic siad 'un na sráide ċuiġ an gaḃa duḃ, is d'iarr an mac lóistín air go maidin. Ṫug sé lóistín dóḃta."

Cuir 'ní' roiṁe sin, agus sgríoḃ ar an nua é.

# Mac agus Niġean an Ríoġ.

**SAIḂḂREAS** = maoin, airgead.

**RÍOĠAĊT** = tír (ina ḃfuil rí).

**LE COṀAIRLE A ṪABAIRT AIR** = le comairle a ṫabairt dó, le hinnse dó goiḋé baḋ ċeart dó a ḋéanaṁ.

**BARAṀLAĊ** = den baraṁail.

**AONDUINE** = duine ar biṫ.

**SAIḂḂIR** = a ḃfuil maoin go leor aige.

**ĊAN** = ní.

**BEALAĊ IS FEARR** = dóiġ níos fearr.

**COINNEOĊAIḊ** = fuigfiḋ, coiṁeádóċaiḋ (cimeádfaiḋ).

**A BA SINE** = ba mó bliaḋanta.

**ĊA DTAḂAIRFEAḊ . . . ISTEAĊ DON RÍĠ** = ní ġéillfeaḋ sé, ní ṗósfaḋ sé a ḋeirbṡiúr ar ċomairle a aṫara.

**DÍBREAḊ** = cuireaḋ amaċ as an tír.

**COILLEAḊ** = ginide an ḟocail 'coill' .i. mórán crann ag fás le ċéile.

Ḃí rí ann i ḃfad ó ṡoin, agus is i ḃfad ó ṡoin é. Ḃí rí ann agus ċruinniġ sé cibé saiḋḃreas a ḃí san ríoġaċt ċuige féin. Ḃí fear aige, darḃ' ainm an Sean-Ḋall, le comairle a ṫabairt air. Ḃí triúr mac agus triúr niġeanaċ aige. Ḃí sé baraṁlaċ go raḃ siad sean go leor le pósaḋ.

Sgairt sé isteaċ ar an tSean-Ḋall le comairle a ṫabairt dó .i. goiḋé b'ḟearr dó a ḋéanaṁ le n-a ṫriúr mac agus le n-a ṫriúr niġeanaċ.

Dubairt an Sean-Ḋall leis: 'Níl aonduine san ríoġaċt saiḋḃir go leor le do ċlann niġean nó do ċlann mac a ṗósaḋ, agus ċan ḟeicim bealaċ is fearr 'ná iad féin a ṗósaḋ ar a ċéile, agus coinneoċaiḋ sin an saiḋḃreas agat féin.'

Sgairt an rí ar an mac agus ar an niġin a ba sine—agus pósaḋ iad.

Annsin sgairt sé ar an dara mac agus ar an dara niġin, agus pósaḋ iad-san.

Sgairt sé annsin ar an mac a b'óige agus ar an niġin a b'óige; aċ ċa dtaḃairfeaḋ an mac óg isteaċ don ríġ, agus díbreaḋ é féin agus a ḋeirbṡiúr.

D'ḟág siad caisleán a n-aṫara agus siubail leo go dtáinic an oiḋċe orra, agus suiḋ siad síos ar ċloiċ ag taoiḃ coilleaḋ.

Ṫoisiġ sé a ċur fearṫanna, agus d'éiriġ sé an-dorċa. Ṫoisiġ an deirḃṡiúr a ġul nuair nár ġlac siad comairle.

DEARṪAIR = dearḃráṫair.

D'amarc an dearṫair fá dtaoḃ de agus connaic sé solus.

FA DTAOḂ DE = ina ṫimċeall.

'Tċím solus,' ar seisean, 'agus is fearr dúinn éirġe agus tarraingt air.'

TARRAINGT AIR = siubal go dtí é.

B'fíor é; d'éiriġ siad agus siubail leoḃṫa go dtáinic go teaċ an tsoluis. Ḃuail siad ag an doras, agus cá háit a raḃ siad aċ ag caisleán ríoġ.

LEOḂṪA = leo.

D'éiriġ an rí agus leig sé isteaċ iad agus ṫug a suipéar dóḃṫa—an biaḋ agus an deoċ a b'fearr a ḃí sa ċaisleán.

DÓḂṪA = dóiḃ.

Deir an sean-rí leis an ríġ óg: 'Is cosamail gur tógaḋ go maiṫ ṫú in do ṡaoġal.' 'Maise, tógaḋ go han-ṁaiṫ mé,' adeir sé; agus d'innis sé dó gur mac ríoġ é, agus gur ċuir a aṫair ar siubal é nuair naċ bpósfaḋ sé a deirḃṡiúr. 'Tá go maiṫ,' arsa'n sean-rí: 'níl agam-sa aċ mé féin agus mo ḃean: ḃeirfiḋ mé mo saiḋḃreas agus mo ríoġaċt duit ón lá seo amaċ, agus ḃeirfiḋ mo ḃean a cuid saiḋḃris do do deirḃṡiúr.'

TÓGAḊ GO MAIṪ ṪÚ = fuair tú tabairt suas maiṫ, ní de ḋaoiniḃ boċta ṫú.

ÓN LÁ SEO AMAĊ = ón lá indiu go bráṫ.

Lá ar n-a ḃáraċ, nuair a fuair an rí óg a ḃricfeasta, dubairt an sean-rí leis: 'Is fearr duit ġabáil amaċ liom-sa go dteisbeánóċaiḋ mé duit an páirc a bfuil mo ċuid caoraċ ramar ann, agus tabair leat an madaḋ beag bán atá annsin agus dreasaiġ 'sna caoiriġ é.'

LÁ AR N-A ḂÁRAĊ = an lá ina ḋiaiḋ sin.

ĠABÁIL = dul.

TEISBEÁNÓĊAIḊ = aimsear fáistineaċ ar 'teisbeán,' ('taisbeán')

Ṫug sé leis an madaḋ beag bán

agus ḋreasaiġ 'sna caoiriġ é. Ċá dteaċaiḋ siad i ḃfad gur ṫuit an molt a ba reiṁe agus gur plúċaḋ ina ċuid gearaċ é.

Sgairt an sean-rí leis an molt a ṫabairt 'un a' baile, oir go raḃ a ċuid teanonṫuiḋṫe le teaċt lá ar n-a ḃáraċ le n-a ċuid mónaḋ a ṫarraingt agus go mbéaḋ an molt a ḋíṫ air i gcoṁair a ndinneára.

Nuair a ċrom an rí óg leis an molt a ṫógáil, bí fear agus trí madaiḋ 'na seasam ag a ṫaoiḃ.

'Is fearr duit an molt sin a ṫabairt dam-sa,' arsa'n fear, 'agus ḃeirfiḋ mé madaḋ duit a iomċaras ualaċ ar biṫ a ċuirfeas tú air.' 'B'féidir naċ mbéaḋ mo ṁaiġistir sásta liom, oir níl mé aċ go húr san áit seo,' ar seisean le fear na madaḋ. 'Is cuma céacu ḃéas sé sásta nó naċ mbéiḋ,' arsa fear na madaḋ, 'béiḋ an madaḋ seo fíor-úsáideaċ agat go fóill.'

Ṫug sé dó an molt ar an madaḋ.

Ċuir sé an madaḋ beag bán 'sna caoiriġ arís agus ċá dteaċaiḋ siad i ḃfad gur ṫuit an dara molt agus gur plúċaḋ ina ċuid gearaċ é.

Deir fear na madaḋ: 'Is fearr duit an molt sin a ṫabairt dam-sa agus ḃeirfiḋ mé duit madaḋ atá coṁ lúṫmar sin go riṫfiḋ sé síos rud ar biṫ a tiocfas ina ċasán. Béiḋ an madaḋ seo fíor-úsáideaċ agat go fóill.'

Ṫug sé dó an dara molt ar an dara madaḋ.

Ċuir sé an madaḋ beag bán 'sna caoiriġ arís agus ċá dteaċaiḋ

DREASAIĠ = cuir i ndiaiḋ agus tú 'ġá ḃrostú.
MOLT = caora ar a dtugtar wether i mBéarla.
BA REIṀE = ba ṁó a raḃ feoil air.
PLÚĊAḊ = bás a ḟaġáil de ḋíoġḃáil anála.
GEARAĊ = geinide an ḟocail 'geir' .i. fat.
TEANONTUIḊṪE = daoine atá ag díol cíosa le tiġearna ar son talaiṁ nó toiġe.
MÓNAḊ = geinide an ḟocail 'móin.'
I GCOṀAIR = fá ċoinne
A IOMĊARAS = a ḃeirfeas leis ar a ḋruim.
UALAĊ = lód.
IS CUMA CÉACU ... NÓ NAĊ MBÉIḊ = bíoḋ nó ná bíoḋ.
FÍOR-ÚSÁIDEAĊ = an-úsáideaċ.
LÚṪṀAR = gasta, tapaiḋ.
GO RIṪFIḊ SÉ SÍOS: féaċ he'll run down an Béarla ar a dtáinic seo.

siad i bfad gur ċuit an tríoṁaḋ molt agus gur plúċaḋ ina ċuid gearaċ é.

'Is fearr duit an molt sin a ṫabairt dam-sa,' arsa fear na madaḋ. 'Béiḋ an madaḋ seo fíor-úsáideaċ agat go fóill. Tá fios ag an ṁadaḋ sin agus níl puid ar biṫ dá mbéiṫear a ḋeanaṁ naċ mbéiḋ a fios aige fa dtaoḃ de.'

Ṫug sé dó an tríoṁaḋ molt ar an tríoṁaḋ madaḋ.

Ċuir sé an madaḋ beag bán 'sna caoiriġ arís agus ċa dteaċaiḋ siad i bfad gur ċuit an ceaṫramaḋ molt agus gur plúċaḋ ina ċuid gearaċ é.

Ċrom an rí óg agus ṫóg sé an molt, ḋ'ḟág ar ḋruim an ṁadaiḋ láidir é, agus ṫug 'un a' baile é fa ċoinne ḋinnéar luċt tarrangta na mónaḋ lá ar n-a ḃárac.

Nuair a ḋ'éiriġ an rí óg an dara lá agus fuair a ḃricfeasta, deir sé leis an tsean-ríġ: 'Raċaiḋ mé amaċ tríd an ċoilliḋ seo go bfeice mé goidé a bfuil sé cosaṁail leis.' 'Má ġlacann tú mo ċomairle-sa,' arsa'n sean-rí, 'ċa dtéiġeann tú amaċ tríd an ċoilliḋ. Ḃí seaċtar mac agam-sa agus, de réir mar ḃí siad ag teaċt ar aġaiḋ, ċuaiḋ siad amaċ 'un na coilleaḋ agus cailleaḋ iad ó ḋuine go duine agus ċan fuair mé a dtuairisg ariaṁ.' 'Is cuma liom,' arsa'n rí óg; 'raċaiḋ mise 'un na coilleaḋ.' 'Má téiġ eann tú amaċ,' arsa'n sean-rí, 'tabair leat mo ġunna-sa agus púdar agus grán go leor.'

Ċuaiḋ sé amaċ 'un na coilleaḋ

FIOS=eolas atá ag duine nó ag ainmiḋe mar ḃéaḋ tré ḋúṫċas.

LUĊT TARRANGTA NA MÓNAḊ=na daoine ḃí ag tarraingt na mónaḋ ón portaċ .i. an áit a mbaintear móin.

COILLIḊ=tabartaiḋ an focail 'coill.'

GOIDÉ A ḂFUIL SÉ COSAṀAIL LEIS=go bfeice mé goidé an ċuma atá ar an ċoilliḋ agus goidé an cineál áite é.

AG TEAĊT AR AĠAIḊ=ag fás aníos.

A DTUAIRISG=cunntas orṫa, sgéala ina dtaoiḃ.

DÁ SCASTÁIL DÓ= ḃí gaċ uile ṡeort éanaċa ar an ḃealaċ roiṁe de réir mar ḃí sé ag siuḃal ar aġaiḋ.
ULṪAĊ=lód, ualaċ.

LÚṪĠÁIR=áṫas, pléisiúr.

DÁ UAIR=fa dó.

SGAOIL=loisg sé leis an ġunna.

SÁIṪ=go leor

ĊÓIR=coṁgarac de, beagnaċ.
ṀOṪUIĠ=ṫug fa deara.
FAṪAĊ=fear mór fiaḋain.
STRAĊAḊ=tarraingt ar a ċéile go garḃ.
ALPAḊ=ag iṫe i lán béil.

agus ṫug a ġunna agus na trí madaiḋ leis. De réir mar ḃí sé ag siuḃal sa ċoilliḋ ḃí gaċ uile ṡeort éanaċa a b'ḟearr 'ná a ċéile dá scastáil dó. Sgaoil sé leis gur ċaiṫ sé ulṫaċ mór don madaḋ láidir.

Nuair a ḃí sé ḃaraṁlaċ go raḃ go leor aige, ċruinniġ sé iad, agus d'iomċar an madaḋ láidir 'un a' ḃaile ċuig an trean-ríġ iad.

Ḃí lúṫġáir mór ar an trean-ríġ nuair a ċonnaic sé go dtáinic an rí óg 'un a' ḃaile slán.

Ar maidin lá ar n-a ḃárac d'éiriġ an fear óg, fuair sé gunna agus a ċuid madaḋ, agus ċuaiḋ 'un na coilleaḋ arís. Maiṫ is mar ḃí na héanaċa an ċéad lá, ḃí siad dá uair coṁ maiṫ an dara lá. Sgaoil sé leis gur ṁeas sé go raḃ a sáiṫ aige; agus annsin d'iarr sé ar an madaḋ láidir iad a ċur ar a ḋruim agus a dtaḃairt 'un a' ḃaile.

Mór is mar ḃí lúṫġáir ar an trean-ríġ an ċéad lá, ḃí a dá oiread lúṫġáire air an dara lá nuair a ċonnaic sé iad ag teaċt.

An tríoṁaḋ lá ṫug an rí óg leis a ġunna agus a ṁadaḋ arís agus ċuaiḋ 'un na coilleaḋ. Maiṫ is mar ḃí na héanaċa an dá ċéad lá, ḃí siad trí huaire coṁ maiṫ an tríoṁaḋ lá. Nuair a ḃí ċóir a sáiṫ aige, ṁoṫuiġ sé na crainn ag craṫaḋ, agus siud amaċ faṫaċ mór na coilleaḋ agus ṫug sé iarraiḋ ar é a straċaḋ agus a ṁarḃaḋ.

Léim na trí madaiḋ ar an ḟaṫaċ. Ḃí siad ag alpaḋ na feola amaċ de n-a ċorp.

Duḃairt an faṫaċ leis, dá dtaḃairfeaḋ sé ar a ċuid madaḋ stad de agus gan é a ṁarḃaḋ, go raḃ caisleán aige sa ċoillid agus naċ raḃ coirneál istoiġ ann naċ raḃ lán óir agus airgid agus go bfuiġeaḋ sé uiliġ é.

Ṫug an rí ordú don ṁadaḋ láidir breiṫ ar an faṫaċ mór agus é a ċaiṫeaṁ ar a ḋruim.

ORDÚ=d'iarr sé air.
BREIṪ=greim a faġáil air.

B'fíor é; ċaiṫ an madaḋ an faṫaċ ar a ḋruim agus siuḃail leoḃṫa go dteaċaiḋ siad go caisleán an faṫaiġ. Ċa raḃ coirneál istoiġ ann naċ raḃ lán óir agus airgid. 'Sin ciste mór annsin,' arsa'n faṫaċ mór, 'agus caiṫ mise isteaċ ann agus cead agam luiġe ann go bfuiġe mé bás.'

CISTE=cófra.

CEAD AGAM LUIĠE=luiġim (.i. an moḋ orduiġṫeaċ).

B'fíor é; ċaiṫ sé an faṫaċ isteaċ sa ċiste mór agus ċuir an glas air go maidin.

Lá ar n-a ḃáraċ, nuair a fuair an rí óg a ḃricfeasta, smaointiġ sé go bpillfeaḋ sé arís ċuig an tsean-ríġ agus go dtaḃairfeaḋ sé leis a ḋeirḃsiúr go caisleán an faṫaiġ go bfeicfeaḋ sí an saiḋḃreas a fuair seisean.

Ċuaiḋ sé agus ṫug leis a ḋeirḃsiúr go caisleán an faṫaiġ ṁóir.

An ṁaidin ina ḋiaiḋ sin, nuair a fuair an rí óg a ḃricfeasta, ċuaiḋ sé amaċ 'un na coilleaḋ arís agus ṫug leis a ġunna agus na madaiḋ.

Nuair a ḃí ḃaraṁail ag an deirḃsiúir go raḃ sé sa ċoillid, ċuaiḋ sí féin agus an faṫaċ mór a ċaint. Arsa'n faṫaċ: 'Dá ḃfuiġmís do ḋearḃráṫair a ċur 'un báis, ḃéaḋ an

DÁ ḂFUIĠMIS . . .=dá n-éiriġeaḋ linn.

saiḋḃreas uilig againn féin ar aon.' 'Goiḋé an bealaċ bás a ṫig linn a ċur air?' arsa'n deirḃsiúr. 'Tá claiḋeaṁ solais annsin,' arsa'n faṫaċ. 'Cuir suas os cionn an dorais é, agus nuair a ṫiocfas do ḋearṫair isteaċ, tuitfiḋ an claiḋeaṁ air.'

claiḋeaṁ = arm géar a ḃíos ag saiġdiúr.

Ṫug sí léiṫe an claiḋeaṁ agus ċuir suas os cionn an dorais é.

An maḋaḋ a raḃ fios aige, fuiḋ sé síos agus ċa raċaḋ sé ní b'fuiḋe. Annsin ṫoisiġ na trí maḋaiḋ a ċogarnaiġ le ċéile agus ṗill siad. D'iarr an faṫaċ ar an ċailín amharc amaċ, oir go raḃ eagla ag teaċt air.

a ċogarnaiġ = a ċaint go híseal.

D'amharc sí amaċ agus ċonnaic sí na trí maḋaiḋ ag teaċt ina riṫ.

Isteaċ léiṫe agus d'innis don faṫaċ go raḃ na trí maḋaiḋ ag teaċt. 'Tóg an clár den ċiste,' ar seisean, 'go gcaiṫe mise mé féin isteaċ.'

Ṫainic an maḋaḋ lúṫṁar ar tosaċ, ġearr léim an dorais, agus isteaċ leis. Ṫuit an claiḋeaṁ agus ḃain barr an ruḃaill de. Tóg an cailín an claiḋeaṁ agus d'fág tart é.

ruḃall = iarball.

d'fág tart é = d'fág i leaṫ-taoiḃ é.

Ṫainic an rí óg ina riṫ ċom teann is ṫiocfaḋ leis. Ḃí eagla air gur ṁarḃ an faṫaċ mór a deirḃsiúr.

teann = láidir, gasta.

Nuair a ṫainic sé isteaċ, d'fiafruiġ sé an raḃ rud ar biṫ ar ċearr. Duḃairt sise naċ raḃ.

d'fiafruiġ = ċuir sé ceist.

Ar maidin lá ar n-a ḃáraċ duḃairt sé le n-a ḋeirḃsiúir go raċaḋ sé amaċ 'un na coilleaḋ an lá sin; agus ċuaiḋ.

Nuair a fuair sise ar siuḃal é,

tóg sí an clár den ċiste agus leig an faṫaċ mór amaċ. D'ḟiafruiġ sé di an raḃ a ḟios aici bealaċ ar biṫ leis an dearṫair a ċur 'un báis. Duḃairt sise naċ raḃ a ḟios aici; aċ nuair a ġeoḃaḋ sí a dearṫair 'na ċodlaḋ, go mbainfeaḋ sí an clár den ċiste agus go leigfeaḋ sí eisean amaċ.

Fuair an rí óg a suipéar an oiḋċe sin; agus nuair a ḃí sé ag gaḃáil a luiġe, léim na trí maḋaiḋ suas ar ċlár an ċiste agus luiġ siad ar clár anuas.

Ċuaiḋ sise ag braṫ ar iad a ċur anuas, aċ ní ċorróċaḋ siad di.

D'iarr sí ar a dearṫair iad a ċur anuas, agus duḃairt seisean naċ gcuirfeaḋ.

Ċuaiḋ sí féin ina gcionn arís, agus beir ceann de na maḋaiḋ greim láiṁe uirṫi, agus luiġ [sé] ar clár an ċiste go maidin.

Ċuaiḋ an rí óg amaċ lá ar n-a ḃáraċ. Ṫug leis a ġunna agus na maḋaiḋ.

Nuair a fuair sise ar siuḃal é, tóg sí an clár agus leig amaċ an faṫaċ mór.

'Tá eagla orm,' ar seisean, nuair a fuair sé amaċ, 'naċ mbiomuid ábalta [ar] do ḋearṫair a ċur 'un báis. Téiġ tusa amaċ; agus nuair aṫċífear tú é, bí ag sgreadaiġ agus ag caoineaḋ agus 'ġá ráḋ go bfuil an bás ort. Fiafróċaiḋ sé duid an bfuil a fios agat rud ar biṫ a ġeanfaḋ maiṫ duit. Abair naċ bfuil a ḋaṫ ar ḋruim an doṁain a ġeanfas maiṫ duit aċ rud aṁáin,

AR CLÁR ANUAS: bí an ciste druidte agus na maḋaiḋ 'na luiġe ar an ċlár.

AG BRAṪ AR IAD A ĊUR ANUAS = le n-a gcur anuas.

NÍ ĊORRÓĊAḊ = ní bogfaḋ.

ina gcionn .i. le n-a gcur anuas.

AG SGREADAIĠ = ag sgairtiġ go hárd.

DUID: bíonn 'duid' go minic i n-ionad 'díod.'

agus gurab é sin teanga an tairḃ órḋa atá sa Doṁan Ṫoir.'

*ag sgréaċaiġ=ag caoineaḋ go hárd.*

*ná=oir.*

*leiġeasfaḋ í=ġeanfaḋ biseaċ dí.*

B'ḟíor é; bí sí amuiġ roiṁe ag sgreadaiġ is ag sgréaċaiġ go raḃ an bás uirṫi, ná gur ġearr an madaḋ í sa láiṁ. D'ḟiafruiġ an dearċair dí an raḃ a fios aici rud ar biṫ a leiġeasfaḋ í. Dubairt sí naċ raḃ rud ar biṫ a leiġeasfaḋ í aċ teanga an tairḃ órḋa a ḃí sa Doṁan Ṫoir. 'Bíoḋ ciall agat,' arsa'n dearċair; 'má's féidir sin a faġáil, ġeoḃaiḋ mise duit é i mbáraċ.'

*ar a ċois=ina suiḋe.*

Ḃí an rí óg ar a ċois le héirġe gréine maidin lá ar n-a ḃáraċ. Ṫug leis a ġunna, na madaiḋ, agus long a ḃí ag an ḟaṫaċ mór.

[Ċuaiḋ sé ar an luing agus] ṡeol sé leis go raḃ sé fa ġiota de ċaisleán Rí an Doṁain Ṫoir. Ċa raḃ ag an Ríġ aċ niġean aṁáin, agus ḃí sise ṫuas an staiġre. Riṫ sí anuas ċuig a haṫair. 'Tá an long ag teaċt,' ar sise, 'is deise ċonnaic mé ariaṁ, agus ċan feicim uirṫi aċ fear aṁáin agus trí madaiḋ.'

*'un an ċladaiġ=go bruaċ na fairrge.*

Riṫ sí 'un an ċladaiġ agus ṫug cuireaḋ don ríġ óg go toiġ a haṫara.

Ċuaiḋ sé agus d'ḟan acu an oiḋċe sin. Ṫuit sí i ngráḋ leis.

*cosaṁlaċt=cuma.*

Dubairt Rí an Doṁain Ṫoir leis go raḃ cosaṁlaċt air gur tógaḋ go maiṫ é.

*ócáid=gnó, gnaiṫe.*

D'innis an rí óg gaċ rud dar ċarla dó, agus an ócáid ar a raḃ sé.

'Is fearr duit pilleaḋ 'un a' ḃaile,' arsa Rí an Doṁain Ṫoir leis. 'Ċa dteaċaiḋ aon fear ariaṁ isteaċ ċuig an tarḃ órḋa nár ṁarḃ sé.' 'Is cuma liom,' arsa'n rí óg; 'nuair

a ṫáinic mé an fad seo, féaċfaiḋ mé leis.'

Ar maidin lá ar n-a ḃárac ċuaiḋ sé 'un na páirce ina raḃ an tarḃ. Ċa ḋeanfaḋ a ḋaṫ maiṫ do niġin an Ríoġ aċ go bfuiġfeaḋ sé na madaiḋ aici go dtiocfaḋ sé arís. Ḃruid sí iad i dteaċ a raḃ trí ḋorais air.

Ṡiubail an rí óg leis 'un na páirce. Nuair a ṫáinic sé a fad leis an geaḃta, d'fiafruiġ sé d'fear an geaḃta an bfuiġeaḋ sé isteaċ. Dubairt seisean go bfuiġeaḋ, aċ naċ dtáinic fear beo amaċ as an páirc sin ariaṁ. D'fosgail sé [annsin] an geaḃta, agus siubail an rí óg leis ag tarraingt ar an tarḃ.

[Ḃa annsin] ġearr an madaḋ láidir léim agus ċuir na naoi ndorais amaċ roiṁe. Riṫ sé féin agus an dá ṁadaḋ eile go raḃ istoiġ sa páirc.

Ḃí an tarḃ fa ṫrí léim don ríġ óg nuair a ṫáinic na madaiḋ ar aġaiḋ. Léim siad ar an tarḃ agus leag siad é. Toisiġ sé a ḃúirfiġ, ċuir amaċ a ṫeanga, agus ġearr an rí óg an teanga as le n-a sgín agus pill ar ċaisleán Rí an Domain Ṫoir.

Nuair a ċonnaic niġean an Ríoġ an fear óg ag teaċt agus go dtearn sé an rud nár éiriġ le fear ar biṫ a ḋeanaṁ ariaṁ, mór is mar ḃí sí i ngráḋ leis roiṁe sin, ḃí sí trí oiread i ngráḋ leis anois: ċa ḋean-faḋ a ḋaṫ cúis di aċ go bpósfaḋ sé í. Dubairt sé naċ bpósfaḋ sé í go raċaḋ sé fa ċoinne a ḋeirb-

féaċaiḋ mé leis = béarfad iarraiḋ air.

ċa ḋeanfaḋ a ḋaṫ maiṫ do niġin an Ríoġ . . . = ní ḃéaḋ niġin an Ríoġ sásta.

go bfuiġfeaḋ sé na madaiḋ aici = go n-imṫeoċaḋ sé gan iad beiṫ leis uaiṫe.

ag tarraingt ar an tarḃ = ag déanaṁ ar an tarḃ.

naoi ndoras: trí ḋorais atá ṫuas.

ċuir . . . amaċ roiṁe = ċaiṫ . . . amaċ ar a ḃealaċ. Ḃris sé na doirse gur ċaiṫ amaċ roiṁe iad.

a ḃúirfiġ: bíonn tarḃ ag búirfiġ nuair a ḃíos fearg air.

go dtearn = go ndearna.

feaċara go mbéaḋ sí ag an ḃanais.

Leig an deirḃsiúr amaċ an fataċ mór as an ċiste nuair a ḃí an fear óg ar siuḃal, agus ḃí sí amuiġ ag coiṁeád ag súil go ḃfeicfeaḋ sí ag teaċt é. Ċonnaic; agus isteaċ léiṫe agus d'innis don ḟataċ mór [go raḃ sé ag teaċt].

'Tá mise fada go leor as an ċiste,' ar seisean; agus isteaċ leis, agus ċuir sise an glas air.

Ṫáinig an rí óg agus d'innis do n-a deirḃsiúir goiḋé mar ḃí. [Annsin] ṫug sé teanga an tairḃ órḋa dí le cumailt ar a láim; agus ċumail.

le cumailt = le tarraingt anonn is anall ar a láim.

Lá ar n-a ḃáraċ ṫoisiġ sé is ṫug leis an t-ór agus an t-airgead. Nuair a ḃí sé 'ġa iomċar, ċuaiḋ sise a ċaint leis an ḟataċ mór. Duḃairt seisean léiṫe claiḋeaṁ an tsoluis a ṫaḃairt lé ṫe, agus cead a iarraiḋ leabaiḋ an lánaṁain a ḋeanaṁ an oiḋċe a ṗósfaiḋe iad; an claiḋeaṁ a ċur suas as cionn na leabṫa agus go dtuitfeaḋ sé ar an ríġ óg agus go muirḃfeaḋ sé é.

lánaṁain = fear agus bean atá pósta ar a ċéile.

Pósaḋ iad lá ar n-a ḃáraċ; agus d'iarr sise cead an leabaiḋ a ḋeanaṁ. Duḃairt Rí an Doṁain Ṫoir naċ raḃ bean ar biṫ a ḃaḋ ċórṫa a ḋeanaṁ 'ná í. Rinn' sí an leabaiḋ agus ċuir an claiḋeaṁ suas os a cionn.

ḃaḋ ċórṫa = a raḃ ceart níos fearr aici.

Nuair a sín seisean é féin sa leabaiḋ, ṫáinig an claiḋeaṁ anuas air agus ṫuit sé ṫart marḃ. [Agus] nuair a músgail a ḃean ar maidin, fuair sí é 'na luiġe marḃ ag n-a taoiḃ.

músgail = dúisiġ.

Ṫoisiġ an deirḃṡiúr a ċaoineaḋ agus a stróċaḋ na gruaige ar a cionn. Ċuaiḋ sí ċuig an Ríġ agus d'fiafruiġ goidé baḋ ċóir a ḋéanaṁ le n-a ingin a ṁarḃ a fear féin. Duḃairt seisean rud ar biṫ ar ṁian léiṫe a ḋéanaṁ léiṫe go mbéaḋ seisean sásta. 'Ċan feicim a ḋaṫ is fearr a ḋéanaṁ [léiṫe],' ar sise, 'aċ teiniḋ a ċur síos agus í a ḋóġaḋ.' 'Maiṫ go leor,' arsa'n Rí; 'aċ ċa ndóiġtear í go cionn lá-agus-bliaḋain.'

Ní raḃ lá ar feaḋ na bliaḋna naċ dtiocfaḋ bean an fir ṁairḃ ċuig n-a uaiġ. An lá ḃí sí le dóġaḋ ċuaiḋ sí ann fosta; agus ċa raḃ sí i ḃfaḋ ann go dtáinic na trí madaiḋ ċuici. Ṫoisiġ siad ar an uaiġ agus ċar stad gur stróc siad aníos an ċoṁnair. Ṫarraing [siad] amaċ ar an ċoṁnair [annsin] é. Liġ [siad] é, agus d'éiriġ sé suas 'na fear coṁ húr óg is a ḃí ariaṁ; agus ċionntuiġ na trí madaiḋ 'na dtrí fir ḃreaġṫa.

Ċa raḃ i ḃfaḋ go ḃfaca an Rí iad ag teaċt 'na riṫ ċuige.

Ḃí an teiniḋ réiḋ le ingin Rí an an Doṁain Ṫoir a ḋóġaḋ. Ṫáinic deirḃṡiúr an ríoġ óig i láṫair. D'iarr an rí óg breiṫ uirṫi agus í a ċaiṫeaṁ isteaċ sa teiniḋ, oir gurab í ba ċionn-ṫsiocair don trioblóid uilig. Rinneaḋ aṁlaiḋ.

Ċoṁnuiġ an rí óg agus a bean go suailceaċ 'na ḋiaiḋ sin. Ḃí saoġal fada agus beaṫa pléisiúrḋa acu; agus ċan fuair mise leiṫ-pinginn de n-a dtairḃe.

A STRÓĊAḊ = ṫarraingt na gruaige (le brón is le cuṁaiḋ).

DÓĠAḊ = bruiṫ i dteiniḋ.

COṀNAIR = bosca nó císte a ċuirtear fa ḋuine ṁarḃ sul a gcuirtear san uaiġ é.

LIĠ = ċumail le n-a dteangaiḋ.

CIONN-TSIOCAIR = cúis, ádḃar.

AṀLAIḊ = mar sin.

GO SUAILCEAĊ = go sona pléisiúrḋa.

LEIṪ-PINGINN DE N-A DTAIRḂE = dadaiḋ dá mbarr, rud ar biṫ mar ġeall orṫa.

## CEISTEANNA.

Goidé rinne an rí a ḃí ann fad ó soin? Cad ċuige an raḃ an Sean-Ḋall aige? Cá méad duine clainne a ḃí ag an ríġ seo? Goidé mar baḋ ṁian leis iad a socrú sa tsaoġal? Cad ċuige ar ṁian leis iad a ṗósaḋ ar a ċéile? Ar ġlac siad uiliġ a ċoṁairle? Goidé rinneaḋ leis an ṁac agus leis an ingin a b'óige nuair naċ bpósfaḋ siad a ċéile? Cár ṡuiḋ siad síos agus iad ar a dtriall ó ṫoiġ a n-aṫara? Goidé an cineál aimsire ṫáinic orṫa? Cad ċuige ar ṫoisiġ an deirbṡiúr a ġul? Céacu acu ċonnaic an solus? Cá raḃ an solus seo? An raḃ fáilte ag an ríġ rompa? Goidé mar ṫaisbeán sé an fáilte sin? Innis goidé an comráḋ a ḃí eadar an sean-rí agus an rí óg. Cá dteaċaiḋ (ndeaċaiḋ) an beirt acu lá ar n-a ḃáraċ? Goidé an cineál caoraċ a ḃí sa ṗáirc? Cad ċuige ar plúċaḋ an molt a dteaċaiḋ (a ndeaċaiḋ) an madaḋ beag bán ann? Goidé an gnaiṫe (gnó) ḃí ag an tsean-ríġ leis an ṁolt? Innis cad ċuige naċ dtug an rí óg 'un a' baile an molt seo. Goidé an ṁaiṫ a ḃí sa ċéad ṁadaḋ fuair sé? Agus sa dara madaḋ? Agus sa triomaḋ madaḋ? Innis goidé mar ṫug an rí óg an ceaṫramaḋ molt 'un a' baile. Cad ċuige ar ṁian leis an ríġ óg dul amaċ 'un na coillcaḋ? Goidé an ċoṁairle ṫug an sean-rí dó? Goidé d'éiriġ de ċlainn an tsean-ríoġ? Innis goidé ḃí leis an ríġ óg ag gabáil amaċ dó, agus goidé ḃí leis ag teaċt isteaċ dó. An raḃ lúṫġáir ar an tsean-ríġ nuair a ċonnaic sé é ag teaċt ar ais? Innis goidé mar d'éiriġ leis sa ċoillid an dara lá, agus an triomaḋ lá. Goidé rinne na madaiḋ leis an faṫaċ? Cá raḃ caisleán an faṫaiġ, agus goidé ḃí ann? Cad ċuige an dtug an rí óg ar na madaiḋ stad d'alpaḋ feola an faṫaiġ? Innis goidé mar ċuaiḋ siad go caisleán an faṫaiġ. Cár ċuir an rí óg an faṫaċ? Goidé an

smaointiú ṫainic i gcionn an ríoġ óig ar maidin? Innis goidé an comráḋ a ḃí eadar an faṫaċ agus deirḃsiúr an ríoġ óig. Caḋ ċuige ar ċuir sí an claiḋeaṁ os cionn an dorais? Caḋ ċuige nár ṫuit an claiḋeaṁ ar an ríġ óg? Goidé an eagla a ḃí ar an ríġ óg? Innis goidé an comráḋ a ḃí eadar an deirḃsiúr agus an faṫaċ lá ar n-a ḃárach. Goidé rinne na madaiḋ an oiḋċe sin? Caḋ ċuige an rug ceann de na madaiḋ greim láiṁe ar an deirḃsiúr? Innis goidé an t-olc a ḃí an faṫaċ ag cur i gcionn na deirḃ-seaṫara an tríoṁaḋ lá. Goidé ṫug ar an dearṫáir dul ar lorg teangṫa an tairḃ órḋa? Innis goidé mar ċuaiḋ an rí óg 'un an Domain Ṫoir, agus goidé ṫarla nuair a ṡroiċ sé an áit sin. Goidé an ċomairle ṫug Rí an Domain Ṫoir dó? Caḋ ċuige naċ raḃ na madaiḋ leis 'un na páirce ina raḃ an tarḃ? Innis goidé mar ṫainic na madaiḋ ċuige, agus goidé rinne siad dó. Ar ṁaiṫ le nigín Ríoġ an Domain Ṫoir go bpósfaḋ sé í? Caḋ ċuige ar ċuir seisean moill ar an pósaḋ? Goidé d'iarr an faṫaċ ar an deirḃ-siúir a ḋéanaṁ leis an ċlaiḋeaṁ? Cé rinne leabaiḋ na lánaṁna? An raḃ brón ar an deirḃsiúir nuair a ċonnaic sí a dearṫáir marḃ? Cé air ar ċuir sí an milleán? Goidé d'iarr sí a ḋéanaṁ léiṫe? Cá ḟad de ċáirde ṫug Rí an Domain Ṫoir dí? An raḃ brón ar ṁnaoi an ḟir ṁairḃ? Goidé mar ṫairbeán sí é? Innis goidé rinne na madaiḋ an lá ḃí sí le dóġaḋ. Goidé an t-aṫrú ṫainic ar na madaiḋ? Cé cuireaḋ sa teiniḋ?

## Cumaḋóireaċt.

Sgríoḃ tráċtas beag ar ríġtiḃ.

Innis goidé an sórt daoine faṫaig.

Sgríoḃ cunntas beag ar ċaoiriġ — a gcuma — an dóiġ a maireann siad — a dtairḃe don duine.

Innis goidé rinne na madaiḋ atá sa sgéal ó fuair an rí óg iad gur ṫionntuiġ siad ina ndaoiniḃ.

Sgríoḃ sgéal beag ag cur síos ar ṫarḃ a ċonnaic tú i n-am éigin.

## GRAMADAĊ.

I.—Críoċnuiġ na habairteaċa seo :—

Ċonnaic mé ingean —— (an rí mór) indé.
Ḃí beirt —— (mac) agus ceaṫrar —— (ingean) aige.
Tá an bó seo —— díol ar —— (an t-aonaċ) indiu.
Sgairt sé ar an ṁac —— (óg) den ṫriúr.
Ṡuiḋ siad ag doras —— (an caisleán).
Ḃí mé ag lasaḋ —— (an solus).
D'innis sé dam —— (is) rí é.
Cá ḃfuil mo ċuid —— (airgead).
Tá na —— (caora) sa —— (páirc mór).
Tá an molt sin lán —— (geir).
Níl an —— (móin) tirim go fóill.
Ḃéiḋ an —— (ualaċ) trom.
Cá ḃfuil cuid an —— (madaḋ).
Fan annsin go ḃfeice mé goidé —— an teaċ seo cosaṁail leis.
Ċuaiḋ sé 'un —— (an coill).
Ḃí sé ag gearraḋ —— (an feoil).
D'iarr sé orm —— (beir) ar an ṁolt.
Dá —— (geiḃmid) an t-airgead, ḃéaḋ an báire linn.
Nuair —— (tig) Tomás isteaċ, —— (deir) leis go ḃfuil mise amuiġ ag seilg.
Ní raċaiḋ mé níos —— (fada).
Tóg an fód monaḋ sin —— urlár.
Ḃeir an madaḋ greim —— (cos) orm.
Fiafruiġ —— Eoin cá ḃfuil an cat.
Abair —— (is) é sin ceann —— (an bó).
Sin puball —— (an tarḃ).
Ċuir sé an sciúr ar an —— (long).
Tá mé 'ga innse duit gurab é sin an ócáid ar —— (tá) mé.
Imṫiġ leat tarsna —— (an páirc).
Ċa (pósaim) tú i mbáraċ.
Tabair dam braon de sin —— cumailt ar mo —— (cos).
Toisiġ siad —— caint.

II.—" Ṫug sé leis an madaḋ beag bán agus ḋearsaiġ 'sna caoiriġ é. Ċa dteaċaiḋ siad i ḃfad gur ṫuit an molt a ba roiṁe agus gur plúċaḋ ina ċuid gearaċ é."

Sgríoḃ é sin ar an nua agus an aimsear fáistineaċ agat ann.

"Ċuaiḋ sé amaċ 'un na coilleaḋ agus ṫug a ġunna agus na trí maḋaiḋ leis. De réir mar ḃí sé ag siubal sa ċoillṫiḋ ḃí gaċ uile seort éanaċa a b'ḟearr 'ná a ċéile dá gcastáil dó. Sgaoil sé leis gur ċaiṫ sé urċaċ mór don maḋaḋ láidir."

Sgríoḃ é sin ar an nua agus an aimsear láiṫreaċ agat ann.

"Ṫáinic an maḋaḋ lúṫṁar ar toiseaċ, ġearr léim an dorais, agus isteaċ leis. Ṫuit an claiḋeaṁ agus ḃain barr an pubaill de. Ṫóg an cailín an claiḋeaṁ agus d'ḟág ṫart é."

Cuir 'duḃairt mé' roiṁe sin, agus sgríoḃ ar an nua é.

"Ḃí an teiniḋ réiḋ le ingin Rí an Domain Ṫoir a ḋóġaḋ. Ṫáinic deirḃśiúr an ríoġ óig i láṫair. D'iarr an rí óg breiṫ uirṫi agus í a ċaiṫeaṁ isteaċ sa teiniḋ, oir gurab í ba ċionn tríocair don trioblóid uilig. Rinneaḋ aṁlaiḋ."

Cuir 'duḃairt sé naċ' roiṁe sin, agus sgríoḃ ar an nua é.

# Conall Mag Ḟionnġaile.

DADAṀ = dadaiḋ, rud ar biṫ.
GEARRÁN = capall nó beaṫaḋaċ fireann.
MAR I NDÚIL = ar ḋóiġ, i dtreo.
SLIĠE ḂEAṪA = gléas beo.
LUAĊ .i. an t-airgead ġeoḃaḋ sé ar an tsean-ġearrán.
RINN' SÉ DEARMAD DE = níor smaointiġ sé ar. . . .
CLAIḊE = balla fóḋ nó cloċ.
CRUIḊṪEAĊA .i. iolraḋ an ḟocail 'cruḋ' .i. an t-iarann ḃíos ar ḃonnaiḃ capaill.
DÁ DTRIOMÚ: ḃí an ġrian 'ga ndéanaṁ tirim.
ĊÁ DTEARN = ní ḋearna, níor ḋein.
FOSTA = freisin.
ĊUIR = rinne sé poll agus ċuir an gearrán síos ann agus ċuir an úir annsin os a ċionn.
CARN-AOILEAḊ .i. geinide an ḟocail 'carn-aoileaċ' .i. an carn ina mbíonn salaċar agus cac an eallaiġ.
FA DEAR = fa deara, sé ndeara.
GIOTA A ĊLÁR = giota de ċlár.

Ḃí Conall 'na ċóṁnuiḋe ṫuas annseo ar an Ḃealtaine, agus síl go leor daoine gur amadán a ḃí ann. Ní raḃ dadaṁ aige aċ sean-ġearrán bán.

Ċuaiḋ sé 'un aonaiġ lá leis an tsean-ġearrán mar i ndúil is go ndeanfaḋ sé slíġe beaṫa de n-a luaċ. Ḃuail sé leis an ól is rinn' sé dearmad den tsean-ġearrán bán, agus lá ar n-a ḃárac goiḋé fuair sé aċ an gearrán marḃ i gcois claiḋe agus a ċuid cruiḋṫeaċa dá dtriomú ag an ġréin.

Aċ, a ḃráṫair ó! ḃí sé go holc, agus ċá dtearn sé aċ a sgian a ṫarraingt amaċ as a póca, na cruiḋṫeaċa a baint de, agus an croiceann fosta. Ċuir sé an sean-ġearrán, agus é san am ċéadna ag ráḋ ina intinn: 'Mo ṫruaiġe ṫú, a sean-ġearráin ḃoiċt! Is olc mar d'éiriġ duit.'

D'imṫiġ sé annsin 'un a' ḃaile; agus ag teaċt ṫart ag taoiḃ na carn-aoileaḋ dó, ṫug sé fa dear mórán cuileog ann, mar ḃí an lá te, agus fuair sé greim ar ġiota a ċlár is marḃ sé na céadta acu.

Nuair a ċonnaic sé an gníoṁ a rinn' sé, ruid isteaċ ċuig gaḃa na Bealtaine é go ḃfuair claiḋeaṁ déanta de ċruiḋṫeaċa an tsean-

gearráin báin, agus d'agair sé an gaba claiḋeaṁ a ḋéanaṁ a ṁuirḃfeaḋ céad le gaċ buille.

Ḃí go maiṫ is ċa raḃ go holc, siud síos go Gort an Ċoirce é aon lá aṁáin. Ḃí tórraḋ annsin; agus i ndiaiḋ an tórraiḋ, ṫúsaiġ siad a ċaiṫeaṁ cloċ urċair. D'iarr siad ar Ċonall féaċáil leis an ċloiċ. Ċuir seisean ceist orṫu an raḃ daoine ar biṫ ṫiar sa reilig. Duḃairt siad-san go raḃ, aċ gur ċuma, naċ gcuirfeaḋ sé an ċloċ a faḋ leo. 'Maiṫ go leor,' arsa Conall. Ċaiṫ sé an ċloċ urċair: ḃí seanḃean ag caoineaḋ ar uaiġ ann is ṁarḃ sé í leis an ċloiċ.

Riṫ seisean, agus riṫ muinntear an tórraiḋ 'na ḋiaiḋ. Siud soir fríd Gort an Ċoirce iad go léir, is ag camaḋ an ḃóṫair, cé casaḋ ḋíoḃṫa aċ doctúir agus a ḃean ag tiomáint i gcarbad. Sgannruiġ an beaṫaḋaċ, ṫuit ḃean an doctúra, is marḃaḋ í.

Aċ, a ḃráṫair! d'fág an doctúir an carbad forta agus ina ḋiaiḋ leis. Ar go bráċ leis an iomlán acu soir fríd Coilliḋ an ṁinistéire go dteaċaiḋ siad a faḋ le céiḋ an Duḃ-Ċoraḋ i n-aice Ḃaile an Easa. Agus go díreaċ ḃí an long ceiṫre slata ón ċéiḋ, i ndiaiḋ seolaḋ. Leis an rúide ḃí le Conall ċuaiḋ sé ar bord d'aon léim aṁáin, ṫainic anuas sa sgeadamán ar ṁairneálaċ ḃí 'na luiġe ar bord. Sṫiúc an fear boċt ar an ḃomaiṫe.

Ṗill siad an long ar ais leis an ṁairneálaċ a ċur sa reilig. Cuireaḋ

D'AGAIR=guiḋ, ċuir d'impiḋe.
TÓRRAḊ=daoine ḃíos le corp nuair atáṫar 'ga ċur.
ṪÚSAIĠ=ṫoisiġ.
CLOĊ URĊAIR=cloċ le caiṫeaṁ.
FÉAĊÁIL=iarraiḋ a ṫaḃairt.
REILIG=áit a mbíonn daoine curṫa.
CAMAḊ=casaḋ, tionntóḋ.
ḊÍOḂṪA: 'dóḃṫa' ḃaḋ ċeart ḃeiṫ ann.
CARBAD=carr, cóiste.
SGANNRUIĠ=léim sé le heagla
CÉIḊ=calaḋ, áit sa ċoinne báḋ agus long teaċt isteaċ ann.
RÚIDE=rása.
SGEADAMÁN=muineál, sgornaċ.
SṪIÚC=fuair bás.
MAIRNEÁLAĊ=seoltóir.

cúirt ar bun annsin gur féaċaḋ Conall. Cruṫuiġeaḋ gur ṁarḃ sé sean-ḃean forta. D'orduiġ an breiṫeaṁ Conall a ċur ar uaiġ na sean-ṁná, agus cibé fear a b'fearr ag caiṫeaṁ na cloiċe é seasaṁ ag an ḃonn céadna[ag]ar fear Conall, dá muirḃfiḋe féin é [.i. Conall], naċ mbéaḋ doċar deanta.

Aċ ca raḃ gar ann: ca raḃ fear ar biṫ de ṁuintir an tórraiḋ, ná an doċtúir féin, ábalta [ar] an ċloċ a ċur a faḋ le Conall.

Ḃí go maiṫ is ca raḃ go holc, ṡeol an long ar ais is Conall leo ar bord, a ċlaiḋeaṁ ina láiṁ is croiceann an tsean-ġearráin ar a ḋruim. Ṫainic seaċrán orṫa is riṫ an biaḋ is caiṫeaḋ faideoga ar na fir go léir is ṫuit sé ar Ċonall boċt a ċur 'un báis go n-iṫeaḋ an ċuid eile é.

Aċ, a ḃráṫair! ċeangail Conall an croiceann fa n-a ṁuineál, is léim sé ó ḋruim na luinge isteaċ san fairrge. Ḃí sgoiṫ an tsnáṁa aige, is ṡnáṁ sé leis go dtainic sé i dtír ṫall i n-íoċtar na Gréige. Ḃa ġnáṫ le nigin an Ríoġ beiṫ ag spaisteoraċt ṫart fa'n ċórta gaċ maidin, is an ṁaidin seo ṫug sí fa deara Conall 'na luiġe is an croiceann fa dtaoḃ de is an claiḋeaṁ sáiṫte ann. D'innis sí do n-a haṫair é. Ṫainic cuiḋiú gur ṫóg leo Conall go dti an Rí. D'aṁarc siad ar an ċlaiḋeaṁ is ċonnaic siad na focla seo sgrioḃṫa air:—'Céad le gaċ buille.'

Ḃí go maiṫ is ca raḃ go holc,

- féaċaḋ (fiaċaḋ)=cuireaḋ faoi ṫrial.
- breiṫeaṁ=an fear ḃeireas breiṫ ar ṗríosúnaċ.
- bonn=an marc ag a seasuiġeann daoine atá ag caiṫeaṁ cloiċe, ag gearraḋ léimneaċ, ⁊rl.
- doċar=olc, coir. gar=maiṫ.
- faideoga=crainn, crann-ċur.
- sgoiṫ an tsnáṁa=snáṁ an-ṁaiṫ.
- i dtír=isteaċ ar an talaṁ as an ḟairrge.
- ag spaisteoraċt=ag siubal anonn is anall.
- fa dtaoḃ de=ṫart air, uime.

fá'n am ċéadna seo ḃí caisleán úr dá ḋéanaṁ ag Ríġ na Ġréiġe, is an méid a ṫóġaḋ siad sa lá ḃéaḋ sé caiṫte anuas ar maidin. Fuair Conall aire ṁaiṫ, is ṫáinic sé ċuige féin. Tugaḋ biaḋ agus deoċ dó; aċ le sgéal fada a ḋéanaṁ goirid, d'innis an Rí dó fa dtaoḃ den ċaisleán, is duḃairt Conall leis go ndéanfaḋ seisean a ḋíċeall.

Ċuaiḋ Conall amaċ an oiḋċe seo agus ċaiṫ sé an méid cloċ mór a fuair sé ar ḃarr an ḃalla. Agus ċa raḃ sé i ḃfad annsin ag fanaċt go dtáinic dá faṫaċ. Ṫoisiġ siad a leagan an ċaisleáin; aċ, a ḃráṫair! ċaiṫ mo Ċonall cloċ anuas agus ḃuail fear acu i mullaċ an ċinn. 'Ná déan sin níos mó,' arsa faṫaċ acu leis. Ċaiṫ Conall cloċ eile anuas is ḃuail sí an dara faṫaċ i mullaċ an ċinn; is le sgéal fada a ḋéanaṁ goirid, ṫuit siad féin amaċ le ċéile: ṫroid siad gur ṁarḃ fear acu an fear eile go dtáinic Conall anuas gur steall sé an ceann den dara faṫaċ.

Aċ i dtaca le háṫas de, ḃí sin ar an Ríġ nuair d'innis Conall dó goiḋé mar ṫarla. Ṫug an Rí molaḋ mór do Ċonall is duḃairt go ndéanfaḋ sé cúis an-ṁaiṫ ar fad.

An dara hoiḋċe ṫáinic dá faṫaċ eile i dtráṫaiḃ an ama ċéadna, is d'éiriġ díoḃṫa mar d'éiriġ don ċéad ḃeirt.

'Faraor géar!' arsa'n trean-ċailleaċ, máṫair na ḃfaṫaċ, 'tá mo ċeaṫrar mac marḃ anois agus tá eagla mór orm go muirḃfiḋ sé

aire=cúram.

ṫáinic sé ċuige féin=ḃris sé, d'éiriġ sé láidir arís.

díċeall=an méid is féidir le duine a ḋéanaṁ.

mullaċ=barr uaċtar.

steall=ċaiṫ le fuinneaṁ, le bríġ.

i dtaca le háṫas=i dtaoiḃ áṫais.

goiḋé mar ṫarla=an rud a ṫuit amaċ.

go ndéanfaḋ sé cúis=go raḃ sé maiṫ go leor fa ċoinne na hoibre.

i dtráṫaiḃ=tuairim ar.

díoḃṫa=dóiḃṫe (annseo).

mo ċriúr mac eile fosta mura dtaḃairfiḋ siad aire maiṫ [dóḃṫa féin].

Aċ le sgéal fada a ḋeanaṁ goirid, rinn' Conall réiḋ an oiḋċe seo is ċuaiḋ 'un an ċaisleáin. Ċa raḃ i bfad go dtainic an ḃeirt a b'fearr de na faṫaiġ is ṫoisiġ an troid. Fuair Conall an ḃuaiḋ orṫa [mar fuair ar na faṫaiġ eile].

*ní raḃ maiṫ leis =ṁeas sé naċ mbéaḋ maiṫ ar ḃiṫ dó.*
*comrac=troid.*

Nuair a ċuala an seaċtṁaḋ faṫaċ goidé mar ḃí, ní raḃ maiṫ leis comrac a ṫaḃairt do Ċonall, ná ḃí seisean beagán níos laige 'ná an seisear eile.

*go huile=go hiomlán.*
*ṁair=ċuaiḋ ar aġaiḋ.*

Ḃí go maiṫ is ċa raḃ go holc, pósaḋ Conall agus iniġean an Ríoġ, agus tugaḋ an áit go huile dó. Ḃí banais ann a ṁair lá agus bliaḋain, is ḃí an lá deireannaċ, má ḃí a ḋaṫ ann, ní b'fearr 'ná an ċéad lá.

*ċomnuiġ siad=ḃain siad fúṫa.*

Ċomnuiġ siad san ċaisleán úr coṁ luaṫ is ḃí sé deanta. Ḃí am aoiḃinn aeraċ acu féin is ag an Ríġ fada go leor; aċ má ḃí, ḃaḋ ṁaiṫ leis an trean-ċailliġ Conall a ċur 'un báis dá mbíoḋ a fios aici goidé an dóiġ.

*cuireaḋ=iarraiḋ a ḃeirtear do ḋuine teaċt ar cuairt.*

Fuair Conall cuireaḋ aon lá aṁáin ón trean-ċailliġ is óna mac, an faṫaċ óg. Ṫainic mo Ċonall. Leig siad-san orṫa féin go raḃ fáilte roiṁe. D'iarr an trean-ċailleaċ ar an faṫaċ gaḃáil amaċ is é féin agus Conall an t-iarann a ċaiṫeaṁ go bfuiġeaḋ siad amaċ goidé an láidreaċt a ḃí ann. Ċaiṫ an faṫaċ an t-iarann giota beag, ná ḃí sé coṁ trom is naċ dtógfaḋ

dá ċlaigeann déag d'ḟir ċoṫroma é. Rinn' Conall fead glaice, is ċuir an faṫaċ ceist air cad ċuige an dtearn sé sin. 'Tá,' arsa Conall, 'tá mé ag gabáil a ċaiṫeaṁ anonn go hÉirinn ċuig gaḃa an ḃaile s'againne (.i. gaḃa na Ḃealtaine). Ġearfaiḋ sé inneoin de, agus rinn' mé an fead fa ċoinne é an casán a fágáil aige. 'Ó, a aṫair na gcarad!' arsa'n faṫaċ, 'ná caiṫ, ná béiḋ sé a ḋíoġḃáil orm féin.'

'Tá eagla orm go bfuiġe sé do ḃuaiḋ,' arsa'n tsean-ċailleaċ [nuair ṫainic siad isteaċ]; 'aċ an bfuil a ḟios agat goidé ġeanfas tú: tá, taḃair leat siar 'un na coilleaḋ é, an áit a bfuil tarḃ mire. Dean tusa búirse, is tiocfaiḋ an tarḃ go muirḃfiḋ sé Conall.

Ċuaiḋ an beirt 'un na coilleaḋ, agus, a ḃráṫair! rinn' Conall an ċéad ḃúirse, riṫ sé suas go dtí an áit a raḃ an tarḃ, is ġearr an ceann de le n-a ċlaiḋeaṁ—ná is cuma cá raċaḋ Conall ḃíoḋ an croiceann is an claiḋeaṁ leis. [Annsin] d'iarr sé ar an faṫaċ an tarḃ a ċaiṫeaṁ ar a ḋruim agus a ṫaḃairt 'un a' ḃaile go n-iosfaḋ siad a sáiṫ de. (Ḃí an ceann leis féin).

'Tá eagla orm go mbéiḋ an ḃuaiḋ ag Conall,' arsa'n tsean-ċailleaċ. Aċ duḃairt sí leo go gcaiṫfeaḋ siad gabáil 'un na coilleaḋ fa ċoinne adṁaid a ġeanfaḋ teiniḋ a róssfaḋ an tarḃ.

Le sgéal fada a ḋeanaṁ goirid, ċuaiḋ, is ṫarraing Conall dá ċrann ṁóra. Ċuir an faṫaċ ceist cad

FIR ĊOṪROMA= fir ṁeasarḋa láidire.

FEAD GLAICE=fead a níteas leis an ordóig agus méar a ċur in do ḃéal.

INNEOIN (inneoir)= an t-iarann ar a n-oibriġeann gaḃa.

TARḂ MIRE=tarḃ buile.

BÚIRSE=béic leoṁain, nó tairḃ, nó bó.

ċuige an dtearn sé sin. Dubairt leis gur fa ċoinne an ċoillid uilig a ṫabairt soir a ḃí sé. 'Ó, a rí na gcarad!' arsa'n faṫaċ, '.ná dean sin ar ċor ar biṫ: tá oiread liom-sa is ġeanfas cúis.' Dubairt Conall go raḃ maiṫ go leor.

D'imṫiġ siad leo agus rós an tarḃ.

Ḃí go maiṫ is ċa raḃ go holc gur ṫoisiġ an comṗrac fa ċé acu a b'ḟearr ag iṫe an ṫairḃ. Aċ, a ḃráṫair! goiḋé rinn' Conall le croiceann an trean-ġearráin ḃáin aċ é a ċur ṫart fa n-a ċorp a gan fios don faṫaċ. Ṫoisiġ an ḃeirt ar an iteaċán, is ḃí Conall ag iṫe trí ġreim le haon ġreim an faṫaiġ. Ḃí Conall ag leigean air féin go raḃ sé féin a slugaḋ go huile, aċ, ina áit sin, ḃí sé 'ġa ċur sa ċroiceann.

Stad an ḃeirt den iṫe. Luiġ Conall siar is ṫarraing amaċ sgian ḃeag a ḃí ina ṗóca, ġearr sé an croiceann suas, agus ṫáinic an ḟeoil amaċ os coinne an ḟaṫaiġ.

'Mo ḋona is mo ḋoṫairne,' arsa'n faṫaċ, 'gur iṫ mé féin barraiḋeaċt.' Rinn' sé an cleas céadna a ċonnaic sé Conall a ḋeanaṁ: stoṫ sé a ḃolg leis an sgin. Luiġ sé siar annsin agus fuair bás.

Ḃí an trean-ċailleaċ go brónaċ ar fad, is dubairt Conall go leiġeasfaḋ seisean an faṫaċ má ḃí aon ġiota muic-ḟeola aici. Ċuartuiġ sí go bfuair sí dá sgealḃóig muic-ḟeola. Arsa Conall léiṫe: 'Cuir isteaċ san oigean iad'; agus ċuir.

coillid=coill. [is minic fuaim an tuisil ṫabartaiġ i n-ionad fuaim an tuisil ainmniġ (nó ċuspóiriġ) i bfoclaiḃ a baineas leis an ċúigeaḋ díoċlaonaḋ. Féaċ 'teiniḋ' ṫuas].

a slugaḋ=a leigean síos ina sgornaiġ.

mo ḋona is mo ḋoṫairne=mo ḃrón, mo léan.

barraiḋeaċt=an iomarca.

cleas=an rud céadna.

stoṫ=stróc, rinne sé poll.

go leiġeasfaḋ=go ndeanfaḋ sé biseaċ.

sgealḃóg=giota tanaiḋ.

oigean .i. oven.

'Cuir siar go maiṫ iad,' arsa Conall; is nuair fuair seisean an tsean-ċailleaċ isteaċ i gceart, ḋinn sé siar i bfad ní b'fuide í is ḋruid sé an doras uirṫi gur bruiṫeaḋ í.

> ḋinn=ḃrúiġ.

Ċan facas níos mó an tsean-ċailleaċ. Ba é sin deireaḋ leis an iomlán acu.

D'aṁarc Conall in gaċ coirneál, is ḃí airgead is gaċ a'n seort in gaċ áit ar aṁarc sé. Ċar ḃain sé le dadaiḋ aċ pilleaḋ ar ais go dtí an caisleán. Ḃí lúṫġáir ar a ḃean agus ar an Ríġ roiṁe gan aṁras. Ċuaiḋ siad an cloċán tamall ma ḋiaiḋ sin is níor báiṫeaḋ iad, is ṫainic mise an bóṫar is tá mé slán go fóill, buiḋeaċas do Ḋia.

> Ċar ḃain sé = ní ṫug sé airgead ar biṫ leis as an áit.

## CEISTEANNA.

Cá raḃ Conall Mag Fionnġaile 'na ċomhnuiḋe? Goiḋé síl na daoine ḃí ann? An raḃ maoin ṁór saoġalta aige? Cá dteaċaiḋ (ndeaċaiḋ) sé leis an trean-ġearrán ḃán? Cad ċuige an dteaċaiḋ sé 'un aonaiġ leis? Cad ċuige an dtearn (an ndearna) Conall dearmad de? Goiḋé rinne sé nuair a fuair sé an gearrán marḃ? Innis goiḋé rinne Conall agus é ag baint an ḃaile amaċ. Cad ċuige an dteaċaiḋ sé isteaċ ċuig gaḃa na Ḃealtaine? Innis goiḋé ṫarla i nGort an Ċoirce. Cár casaḋ an doctúir agus a ḃean orṫa? Cad ċuige ar riṫ an doctúir i ndiaiḋ Ċonaill? Cé eile a ḃí ar a ṫóir san am? Cá raḃ an long? Cé air a dtáinic Conall anuas nuair a ṫug sé léim ar bord na luinge? Cad ċuige ar pilleaḋ an long? Goiḋé an ḃreiṫ a ṫug an ḃreiṫeaṁ ar Ċonall? Ar marḃaḋ Conall? Cad ċuige nár marḃaḋ é? Cá dteaċaiḋ sé annsin? Goiḋé ṫáinic ar an luing? Cad ċuige ar caiṫeaḋ faideoga? Goiḋé ṫug ar Ċonall léim a ṫaḃairt san fairrge? Cá dtáinic sé i dtír? Innis goiḋé mar fuaras Conall sa Ġréig. Goiḋé ḃí sgríoḃṫa ar an ċlaiḋeaṁ? Goiḋé tá le ráḋ agat fán ċaisleán úr ḃí dá ḋeanaṁ ag Ríġ na Gréige? Goiḋé mar ṁarḃ Conall na faṫaiġ? Cé air a raḃ lúṫġáir? Innis goiḋé ṫarla an dara hoiḋċe. Goiḋé duḃairt an trean-ċailleaċ? Cé arḃ' í féin? Cad ċuige naċ raċaḋ an seaċtṁaḋ faṫaċ 'un compáic le Conall? Cé air ar pósaḋ Conall? Goiḋé baḋ ṁian leis an trean-ċailliġ a ḋeanaṁ? Cad ċuige ar ṁaiṫ léiṫe taḃairt ar Ċonall an t-iarann a ċaiṫeaṁ? An raḃ trom san iarann? Goiḋé mar tá a fios agat? Cad ċuige an dtearn Conall fead ġlaice? An raḃ rún aige an t-iarann a ċaiṫeaṁ anonn go hÉirinn ċuig gaḃa na Ḃealtaine? Ar ċreid an faṫaċ é? Goiḋé an dóiġ an ḃfuil a fios agat gur ċreid? Goiḋé an cleas a ḃí ag an trean-ċailliġ annsin? Innis goiḋé mar fuair Conall an buaiḋ. Cad ċuige naċ raḃ aḋṁaḋ ar biṫ le Conall as an ċoilliḋ? Innis goiḋé mar ṫug sé ar an faṫaċ é féin a ṁarḃaḋ. Goiḋé mar ċuir sé an trean-ċailleaċ 'un báis? Cá ḃfaca Conall an t-ór agus an t-airgead?

## CUMAḊÓIREAĊT.

Sgríoḃ cunntas beag ar ġaḃa agus ar a ċuid oibre
Sgríoḃ tráċtas ar ṁairneálaiġ.
Innis sgéal beag fá uair ar biṫ a ḃí tú ag snáṁ.
Sgríoḃ sgéal ar biṫ atá ar eolas agat fa'n Ġréig

## GRAMADAĊ.

I.—Críoċnuiġ na habairteaċa seo:
Ḃí sé —— ar ḃarr an ċnuic.
Tá sé —— anois ag a ḃun.
Ċuaiḋ siad —— go dtí an tráiġ.
Ṫáinic siad —— arís.
Ṫuit an crann —— ar an ṁadaḋ.
Rinne sé dearmad —— a ḣata.
Tá mórán —— (fir) annseo indiu.
Ḃí tú ag taoiḃ an —— (tórraḋ).
D'ḟág sé é ar an —— (cloċ).
Ḃí mé i gConnaċtaiḃ agus ċuaiḋ mé —— go Baile Áṫa Cliaṫ.
Ḃí tú i mBaile Áṫa Cliaṫ agus ċuaiḋ tú —— go Connaċtaiḃ.
Duḃairt tú go dtáinic mise —— as Connaċtaiḃ, agus duḃairt muintear Ċonnaċt go dtáinic tusa —— as Baile Áṫa Cliaṫ.
Tá teaċ —— ḋéanaṁ agam.
I lár —— (an oiḋċe) ṫáinic an fataċ.
Sin an fataċ is —— (lag) orṫa.
Fan go —— (ġeoḃaiḋ) tú amaċ goiḋé mar ḃí.
Tá dá —— (bróg) orm.
Tá dá —— (cluas) ar do ċeann.

II.—"Ḃí go maiṫ is ċa raḃ go holc, siuḋ síos go Gort an Ċoirce é aon lá amháin. Ḃí tórraḋ annsin; agus i ndiaiḋ an tórraiḋ, ṫúsaiġ siad a ċaiṫeaṁ cloċ urċair. D'iarr siad ar Conall féaċáil leis an ċloiċ. Ċuir seisean ceist orṫa an raḃ daoine ar biṫ ṫiar sa reilic."

Sgríoḃ é sin agus an aimsear láiṫreaċ agat ann.

"Pill siad an long ar ais leis an ṁairnéalaċ a ċur sa peilic. Cuireaḋ cúirt ar bun gur féaċaḋ Conall. Cruṫuiġeaḋ gur ṁarḃ sé sean-ḃean forta. D'orduiġ an ḃreiṫeaṁ Conall a ċur ar uaiġ na sean-ṁná, agus cibé fear a b'fearr ag caiṫeaṁ na cloiċe é seasaṁ ag an ḃonn ag ar fear Conall, agus dá ṁuirḃfiḋe féin é naċ mbéaḋ doċar deanta."

Innis é sin agus an aimsear fáistineaċ agat ann.

"Ċuaiḋ Conall amaċ an oiḋċe seo agus ċaiṫ sé an méid cloċ mór a fuair sé ar ḃarr an ḃalla. Agus ċa raḃ sé i ḃfad annsin ag fanaċt go dtainic dá faṫaċ. Toisiġ siad a leagan an ċaisleáin; aċ, a ḃráṫair! ċaiṫ mo Ċonall cloċ anuas agus ḃuail fear acu i mullaċ an ċinn."

Cuir 'duḃairt an leaḃar' roiṁe sin, agus sgríoḃ ar an nua é.

"Fuair Conall cuireaḋ aon lá aṁáin ón tsean-ċaillig is óna mac, an faṫaċ óg. Táinic mo Ċonall. Leig siad-san orṫa féin go raḃ fáilte roiṁe. D'iarr an tsean-ċailleaċ ar an faṫaċ ġabáil amaċ is é féin agus Conall an t-iarann a ċaiṫeaṁ go ḃfuiġeaḋ siad amaċ goiḋé an láidreaċt a ḃí ann. Ċaiṫ an faṫaċ an t-iarann giota beag, ná ḃí sé coṁ trom is naċ dtógfaḋ dá ċloigeann déag d'fir ċoṫroma é. Rinn' Conall fead ġlaice, is ċuir an faṫaċ ceist air cad ċuige an dtearn sé sin."

Sgríoḃ é sin agus an moḋ coinġiollaċ agat ann.

# Ó Doṁnaill agus Mac an Ḃáird.

I ḃfad ó soin, nuair a ḃí Ó Doṁnaill i n-árd-réim i gCaisleán Ḋúin na nGall, ba ġnáṫ leis ḃeiṫ amuiġ ar fud na condae go minic, corr lá ag seilg fa na sléiḃtiḃ, agus laeṫe eile ag mairciḋeaċt ṫart agus ag breaṫnú uaḋ.

Lá aṁáin dá raḃ Ó Doṁnaill amuiġ fa ġleanntaiḃ Ṫír Ċonaill ṫáinic air ceo iongantaċ trom, agus ní raḃ sé ábalta ar a ḃealaċ a ḋéanaṁ ar ais 'un an Ċaisleáin. Ṫiomáin sé leis fríd sléiḃtiḃ agus ċoilltiḃ go dtí go dtáinic sé a fad le teaċ beag ċeann-tuiġeaḋ a ḃí ar taoiḃ an ḃealaiġ ṁóir. Ṫarraing Ó Doṁnaill suas ar an teaċ le fios a fáġáil cé'n bealaċ a b'fearr a ḃéarfeaḋ trasna é ar aḃainn a ḃí ann. D'umluiġ sé ar ḋruim an ḃeaṫaḋaiġ ag dorus an toiġe ḃiġ seo, agus d'fiafruiġ an raḃ aonduine istoiġ. Duḃairt garsúr a ḃí 'na suiḋe ag an teiniḋ go raḃ—fear go leiṫ agus ceann gearráin.

D'fiafruiġ Ó Doṁnaill de annsin an raḃ glinn san aḃainn. Duḃairt an garsúr leis go raḃ.

D'imṫiġ Ó Doṁnaill annsin agus ċuaiḋ trasna na haḃanna an aiṫ-ġiorra 'un a' ḃaile—trasna san áit ar iarr an garsúr air gaḃáil; aċ foḃair gur báiṫeaḋ é féin agus a a ḃeaṫaḋaċ.

Lá ar n-a ḃárac, i ndiaiḋ Ó Doṁnaill gaḃáil 'un a' ḃaile, ċuir sé

ÁRD-RÉIM = cuṁaċt ṁór.
BA ĠNÁṪ LEIS = ḃí sé de nós aige, ḃíoḋ sé.
AR FUD NA C. = gaċ áit fríd an ċ.
AG SEILG = ag marḃaḋ coinín, éanaċa, ⁊rl. fríd na sléiḃtiḃ.
AG MAIRCIḊEAĊT = ar ḋruim capaill.
AG BREAṪNÚ = ag amharc go géar.
IONGANTAĊ TROM = an-trom.
ṪIOMÁIN = ċuaiḋ sé ar aġaiḋ le n-a ċapall.
COILLTE .i. iolraḋ an ḟocail 'coill' .i. mórán crann ag fás le ċéile.
TEAĊ ĊEANN-TUIĠ-EAḊ = teaċ a ḃfuil tuiġe air.
ṪARRAING ... AR AN TEAĊ = rinne ... ar an teaċ.
TRASNA = anonn.
D'UṀLUIĠ = ċrom.
BEAṪAḊAIĠ .i. geinide an ḟocail 'beaṫaḋaċ' .i. capall
FEAR GO LEIṪ = fear aṁáin agus leaṫ fir eile.
GEARRÁN = beaṫaḋaċ fireann.
GLINN = feassaiḋ, áṫ.
AIṪ-ĠIORRA = an bealaċ is giorra.
FOḂAIR = is beag nár.
BÁIṪEAḊ = cailleaḋ le doiṁne an uisge.

sgéala fa ḋéin an gasúra, go raḃ gnaiṫe áirid aige leis, aċ go gcaiṫfeaḋ sé teaċt ina láṫair gan a ḋaṫ éadaiġ ḃeiṫ air, agus gan ḃeiṫ tárnoċtuiġṫe, gan ḃeiṫ ag marcuiḋeaċt ná ag siuḃal le miniú a ṫaḃairt ar an rud aduḃairt sé an lá roiṁe sin.

Nuair a ċuala aṫair agus máṫair an gasúra go gcaiṫfeaḋ sé miniú a ṫaḃairt ar an rud aduḃairt sé an lá roiṁe sin, ṫainic eagla mór orṫa go mbainfiḋe an ceann ḋen gasúr, oir ṡinn' siad amaċ naċ mbéaḋ sé ábalta ar sin a ḋeanaṁ. Aċ ḋ'iarr an gasúr ar a aṫair agus ar a máṫair gan sin brón ar biṫ a ċur orṫa, ná go ḃféaċfaḋ seisean le miniú an roda a ṫaḃairt ḋ'Ó Ḋomnaill. Le sin ċaiṫ an gasúr ḋe a ċuid éadaiġ, ċar sean-eangaċ ṫar n-a ċorp, agus ḋ'imtiġ leis ag tarraingt ar Ċaisleán Ui Ḋomnaill i nḊún na nGall. Aċ sul a dtainic sé comgarac ḋen Ċaisleán, goiḋé casaḋ air aċ collaċ muice. Fuair sé greim ruḃaill ar an ċollaċ, ċaiṫ leaṫ-ċos ṫarair, agus an ċos eile ag tarraingt ina ḋiaiḋ, agus ṫainic ar an ḋóiġ sin go ḋoras an Ċaisleáin. Ṫainic Ó Ḋomnaill i láṫair annsin agus ċuir forán roiṁe.

''Tcím,' adeir Ó Ḋomnaill leis an gasúr, ' go dtainic tú 'mo láṫair sa ḋóiġ ar orduiġ mé ḋuit. Anois, innis ḋaṁ cad ċuige ar uḃairt tú liom inḋé go ḃfuiġinn trasna na habanna tirim, ná foḃair gur báiteaḋ mé féin agus mo ḃeaṫaḋaċ capaill ag gabáil anonn ḋúinn.'

Labair an gasúr annsin agus

fa ḋéin=fa ċoinne.
gnaiṫe=gnó.
áirid=áiriḋe, speisealta.
ina láṫair=san áit a raḃ sé, os a ċoṁair.
éadaiġ .i. geiniḋe an ḟocail 'éadaċ.'
tárnoċtuiġṫe=ina ċroiceann, gan éadaċ ar biṫ air.

go ḃféaċfaḋ=go dtaḃairfeaḋ sé iarraiḋ.

eangaċ=líon .i. gléas iasgaireaċta.

collaċ=muc ḟireann.

leaṫ-ċos=cos aṁáin.

forán=fáilte, labairt le duine.

ar uḃairt=an nduḃairt.

duḃairt leis go raḃ cuid laċan a ṁáṫara ag gabáil anonn agus anall annsin 'aċ a'n lá agus naċ dteaċaiḋ sé ariaṁ ṫar a mbolg orṫa lá ar biṫ. Ḃa léar d'Ó Doṁnaill ar freagra seo an ġasúra naċ raḃ sárú le deanaṁ air i bpointe ar biṫ.

Duḃairt Ó Doṁnaill leis an ġasúr go raḃ deirḃsiúr aige agus go dtaḃairfeaḋ sé dó í le pósaḋ. Duḃairt an gasúr go raḃ sin maiṫ go leor, aċ go gcaiṫfeaḋ seisean í a feiceáil ar dtús, ná ní pósfaḋ sé muc i mála.

Sgairteaḋ annsin ar deirḃsiúir Uí Ḋoṁnaill i láṫair; aċ nuair a ċonnaic an gasúr í, ní pósfaḋ sé í ar ór na cruinne—ḃí sí ċoṁ miofur sin. 'Sé an rud aduḃairt sé le hÓ Doṁnaill gur ṁór an náire do n-a ṫreiḃ ríoġaṁail a leiṫéid de ṁnaoi a ḃeiṫ fa n-a ċaisleán, ní hé aṁáin a cur ar ġasúr óg coraṁail leis-sean.

Ċuir sin fearg ṁór ar Ó Doṁnaill, agus ní ṫearn sé aċ leitir a sgríoḃaḋ fa ḃomaite agus a síneaḋ ċuig an ġasúr.

D'orduiġ sé dó gan an leitir a ṫaḃairt do ḋuine ar biṫ ar eagla go mbéaḋ a fios goidé ḃí innti. D'iarr sé air siuḃal leis go mbéaḋ sé ag Caisleán na Finne—ná ḃí dearṫair d'Ó Doṁnaill ina ċoṁnuiḋe i gCaisleán na Finne.

Sul ar sroiċ an gasúr Caisleán na Finne, goidé rinn' sé aċ ġabáil isteaċ i dteaċ sgoile ḃí ar ṫaoiḃ an róid, agus d'fiafruiġ an maiġis-

LAĊAN .i. geinide iolraiḋ an ḟocail 'laċa.'
NAĊ DTEAĊAIḊ SÉ .i. an t-uisge.
ḂA LÉAR=ċonnaic sé go soiléir.

SÁRÚ=bualeaḋ.

MUC I MÁLA .i. rud naċ bfeiceann duine. A pig in a poke deirtear sa Ḃéarla.
SGAIRTEAḊ=glaoḋaḋ.

ÓR NA CRUINNE=ór an doṁain.
MIOFUR=gránna.

TREIḂ=pára daoine.
NÍ HÉ AṀÁIN . . . .i. ḃí sé dona go leor bean mar í ḃeiṫ ar a ṫreiḃ ríoġaṁail, aċ ba ṁeasa go mór iarraiḋ a ḋéanaṁ ar taḃairt ar ġasúr óg coraṁail leis-sean a pósaḋ.

SROIĊ=ṫainic go dtí.

tír de cá raiḃ sé ag gaḃáil. Duḃairt an garsún leis go raiḃ sé ar a ḃealaċ go Caisleán na Finne le leitir a ċuir Ó Doṁnaill leis ċuig a ḋearṫair. D'iarr an maiġistir an leitir air go bfeiceaḋ sé goidé ḃí innti. Duḃairt an garsún leis naċ dtiocfaḋ leis sin a ḋéanaṁ, ná go mbéaḋ a fios gur fosglaḋ í, agus naċ raiḃ ordú ar biṫ aige sin a ḋéanaṁ. Duḃairt an maiġistir leis gan eagla ar biṫ ḃeiṫ air fa sin, ná naċ bfaca seisean long pinn ariaṁ naċ dtiocfaḋ leis aiṫris a ḋéanaṁ air, agus naċ mbéaḋ a fios gur fosglaḋ í.

Ṫug an garsún an leitir dó annsin; agus léiġ an maiġistir í gan fios a ṫaḃairt don garsún goidé ḃí innti. Nuair a ḃí an leitir léiġte aige, duḃairt sé agus é ag craṫaḋ a ċinn: 'Mo ṫrí ṫruaiġe ṫú, is tú atá ag iomċar na croiċe!'

Siuḃail an garsún leis annsin go dtáinic sé go Caisleán na Finne. Ar teaċt i láṫair dó 'un an Ċaisleáin ḃí fear dá ṫógáil báiṫte as abainn a ḃí ann. Ċruinniġ mórán daoine go taoiḃ na habanna nuair a ċuala siad gur báiṫeaḋ an fear. Cibé naċ raiḃ ann, ḃí dearṫair Uí Ḋoṁnaill ann, agus d'fiafruiġ sé céacu páirte nó duine críonna ḃí báiṫte. D'freagair an garsún é go silfeaḋ sé naċ críonnaċt ar biṫ a ḃeirfeaḋ ar ḋuine é féin a ḃáṫaḋ. Sa ḃomaite céadna sin smaointiġ dearṫair Uí Ḋoṁnaill gur Mac an Ḃáird a ḃí aige ann, agus d'fiafruiġ sé de cá fad síos a ḃí

LONG PINN = sgríḃneoraċt.

AIṪRIS = rud a ḋéanaṁ cosaṁail le rud eile.

CROIĊE .i. geinide an focail 'croċ' .i. cros. Ón ċroiċ a d'iomċar Críost a ṫáinic an abairt sa Gaeḋilg.

DÁ ṪÓGÁIL BÁIṪTE = ḃí daoine ag taḃairt fir a ḃí báiṫte as abainn a ḃí ann.

DUINE CRÍONNA = duine sárta.

CRÍONNAĊT = eagna, ciall.

CÁ FAD SÍOS .i. cá fad síos an tír a ḃí sé.

sé. Duḃairt an garsún go raḃ sé síos a fad is ḃí sé salaċ. 'An tusa Mac an Ḃáird?' arsa dearṫair Ui Ḋoṁnaill. 'Is mé go dearḃṫa,' arsa Mac an Ḃáird. 'Ḃí ag teaċt liom-sa 'un an Ċaisleáin, má's tú,' arsa dearṫair Ui Ḋoṁnaill.

Ar teaċt isteaċ dóḃṫa 'un an Ċaisleáin ṫug deaṫair Ui Ḋoṁnaill ordú do n-a ċuid searḃḟoġantuiḋṫe a suipeár a ḋeanaṁ réiḋ go maiṫ do Ṁac an Ḃáird. Rinn' na seirḃísiġ mar hiarraḋ orṫa, agus rinneaḋ réiḋ suipeár maiṫ dó féin agus do ḃeirt eile ḃuaċailli aimsire, agus cuireaḋ 'un an aon tábla aṁáin iad.

Nuair a ḃ'fada le dearṫair Ui Ḋoṁnaill a ḃí siad ag iṫe, ċuaiḋ sé go dtí dorus an tseomra agus ċonnaic sé go raḃ uiḃ i láiṁ gaċ duine aċ Mac an Ḃáird. 'Naċ ḃfuil uiḃ ar biṫ ag Mac an Ḃáird?' arsa seisean. 'Dá mbéaḋ do láṁ in mo ḃolg, ḃéaḋ a fios agat sin,' arsa Mac an Ḃáird. 'Ḃí mé le do ċroċaḋ ar uair a dó ḋéag a ċlog anoċt,' arsa dearṫair Ui Ḋoṁnaill, 'aċ ó ṫarla go ḃfuil tú coṁ beag de ṁúineaḋ is atá tú, fuigfiḋ mé anois tú go dtí a dó ḋéag i mbáraċ go ḃfeicfiḋ an saoġal mór uilig tú do do ċroċaḋ.' 'Tá mise an-sásta mo ċroċaḋ am ar biṫ,' arsa Mac an Ḃáird.

Ċuaiḋ Mac an Ḃáird a luiġe annsin agus ċodluiġ sé go sáṁ go héiriġe gréine lá ar n-a ḃáraċ. D'éiriġ sé ar maidin lá ar n-a ḃáraċ agus rinn' a ḃricfeasta go

SALAĊ = smearṫa le clábar, nó le créa-fóig, nó le rud mar sin.

GO DEARḂṪA = go cinnte, go deiṁin.

SEARḂḞOĠANTUIḊṪE = seirḃísiġ, buaċailli nó cailíní aimsire.

NUAIR A Ḃ'FADA LE D. UÍ Ḋ. = nuair a síl d. Uí Ḋ. iad ḃeiṫ i ḃfad ag iṫe.

LE DO ĊROĊAḊ .i. rópa a ċur fa do ṁuineál agus tú a árdú suas go mbéiṫeá marḃ.

COṀ BEAG DE ṀÚI-NEAḊ = coṁ garḃ sin in do ċuid cainte nó in do ḋóiġ

GO SÁṀ = go socair suaiṁneaċ.

maiṫ. Ḃíṫear le n-a ċroċaḋ ar uair a dó déag an lá sin.

Ṫáinic sé i láṫair ag an am a raḃṫar le n-a ċroċaḋ. Ní raḃ cuma air go raḃ eagla ar biṫ dá laigeaḋ air. Ċar labair sé a'n focal ariaṁ go dteaċaiḋ an rópa caol cnáiḃe ar a ṁuineál ; aċ sul ar ṫarraing an croċadóir an snaiḋm, labair Mac an Ḃáird agus d'iarr sé aṫċuinge ar Ó Doṁnaill, aċ ní aṫċuinge beo. Duḃairt dearḃṫair Uí Ḋoṁnaill go bfuigeaḋ sé aṫċuinge ar biṫ dá n-iarrfaḋ sé aċ aṫċuinge beo. Annsin d'iarr Mac an Ḃáird ar ḋearḃṫair Uí Ḋoṁnaill teaċt agus a ċeann a ċur fa ṫsnaiḋm ina ċuideaċta-san. Ní ḋeanfaḋ an fear uasal sin ; agus mar ġeall ar gan a focal a ḃriseaḋ, leig sé cead a ċinn le Mac an Ḃáird. D'imṫig Mac an Ḃáird agus ḃain an baile amaċ.

Go gearr ina ḋiaiḋ sin ḃí Ó Doṁnaill ag fagáil cinn ar Ċaisleán Ḋún na nGall, agus ḃí aige ag obair air fir ċéirde as Sasain anall gur ċuir siad críoċ leis an obair.

Ḃí crann ag fás le taoiḃ an Ċaisleáin agus ḃí a ḃarr ag cromaḋ amaċ os cionn na haiḃléise. Ċuaiḋ fear de ṁuintir na Sasana agus ċaiṫ sé tor fa ċrann, agus duḃairt gur sin duḃṡlán na hÉireann aon-duine a fagáil a ṫarraingeoċaḋ an tor. Goill seo go mór ar Ó Doṁnaill go mbéaḋ duḃṡlán na hÉireann ag na Sasanaiġ, agus ní raḃ a fios aige cá ḃfuigeaḋ sé duine béaḋ ábalta ar a ṫarraingt. Sa deireaḋ

CNÁIḂE .i. geinide an focail cnáiḃ .i. an rud as a ndeantar córdaí agus rópaí bána.

CROĊADÓIR .i. an fear a ḃí le n-a ċroċaḋ.

SNAIḊM=lúb.

AṪĊUINGE = impiḋe.

AṪĊUINGE BEO .i. a beaṫa a ṫaḃairt dó.

CEAD A ĊINN=a saoirseaċt.

ḂAIN AN BAILE AMAĊ=ċuaiḋ sé 'un an baile.*

FIR ĊÉIRDE .i. fir a bfuil ceard acu mar atá ag saor cloiċe, saor aḋmaid, gaḃa, ⁊rl.

OS CIONN NA HAIḂLÉISE=os cionn na fairrge. [Tá an caisleán ar ḃruaċ abanna i n-aice n a fairrge].

TOR=rud le poill a déanaṁ i n-aḋmad.

DUḂṠLÁN .i. defiance, challenge.

GOILL=gortuiġ, ċuir air.

smaointiġ sé dá mbéaḋ duine ar biṫ i nÉirinn a ḃéaḋ ábalta ar an ġníoṁ a ḋéanaṁ gurab é Mac an Ḃáird an fear sin. Ċuirfeaḋ sé fa n-a ċoinne aċ ní raḃ a ḟios aige i nÉirinn cá raḃ sé.

Ṫug sé orḋú annsin do na seirḃísiġ gan duine boċt ar biṫ dá dtiocfaḋ a leigean ón Ċaisleán go ḃfeicfeaḋ seisean cá raḃ Mac an Ḃáird ag baint faoi. Rinn' siad sin dó. De réir mar ḃíoḋ na boċta ag imṫeaċt ón Ċaisleán ḃíoḋ Ó Doṁnaill ag cur tuairisge Ṁic an Ḃáird nó go dtí go dtáinic fear boċt ċart lá amáin a d'innis do Ó Doṁnaill go raḃ a ḟios aige-sean cá raḃ Mac an Ḃáird, aċ naċ raḃ maiṫ ar biṫ dó cur fa n-a ċoinne de ḃríġ naċ dtiocfaḋ sé dá ċóir. Ṫug Ó Doṁnaill gaċ uile ġealltanas naċ mbainfeaḋ sé leis aċ go gcuirfeaḋ an fáilte a b'ḟearr roiṁe.

Fuair Mac an Ḃáird an sgéala gur ċuir Ó Doṁnaill cuireaḋ air teaċt 'un an Ċaisleáin; aċ sul a dteaċaiḋ sé ċuig Ó Doṁnaill, leig sé féasóg sé seaċtṁaini fás air féin, agus ċuaiḋ annsin i n-iniḃ duine ḃoiċt ċuig Ó Doṁnaill. Aċ má ċuaiḋ féin, níor leig sé a aiṫne go dtí é go ḃfuair gaċ uile ġealltanas ó Ó Doṁnaill naċ ndéanfaḋ sé doċar ar biṫ dó. Annsin dubairt sé le hÓ Doṁnaill gurab eisean Mac an Ḃáird. Ṫáinic lúṫġáir ṁór ar Ó Doṁnaill nuair a ċuala sé gurḃ'é ḃí ann, agus d'innis dó a ġnaiṫe leis.

Fuair sé Mac an Ḃáird bearrṫa

ġníoṁ .i. an tor a ṫarraingt.

NÍ RAḂ A ḞIOS AIGE I NÉIRINN = ní raḃ a ḟios aige ar ċor ar biṫ.

DUINE BOĊT = bacaċ, fear déirce.

AG BAINT FAOI = 'na ċoṁnuiḋe.

NA BOĊTA = na bacaiġ

DE ḂRÍĠ NAĊ DTIOCFAḊ SÉ DÁ ĊÓIR = mar naċ dtiocfaḋ sé ċuige.

GEALLTANAS = geallaḋ.

NAĊ MBAINFEAḊ SÉ LEIS = naċ ndéanfaḋ sé doċar ar biṫ dó.

I N-INIḂ DUINE ḂOIĊT = i gcosaṁlaċt bacaiġ.

BEARRṪA = an féasóg bainte de.

agus nigte annsin, agus cuir air culaiḋ den éadaċ a b'fearr a ḃí le faġáil. D'orduiġ sé dó an seomra b'fearr dá raḃ sa Ċaisleán, an áit a ḃfuiġeaḋ sé toġa gaċ biḋ agus roġa gaċ diġe go cionn sé seaċtṁaini mar i ndúil is go mbéaḋ sé ábalta ar an tor a ṫarraingt. Aċ i gcionn ṫrí lá ġoid Mac an Ḃáird amaċ as an Ċaisleán agus ċuaiḋ suas ar an ċrann, ṫarraing an tor agus ṡáiṫ cúig troiġṫe níos airde é i mbarr an ċrainn, agus dubairt gur sin dubhshlán na Sasana go bráċ.

Aċ ḃí gnaiṫe eile ag Ó Doṁnaill le Mac an Ḃáird. San am sin bíoḋ fear ag gabáil ṫart a dtugtaoi an Ġné Ċáinte air. Ḃí a fios ag Ó Doṁnaill go raḃ an Ġné Ċáinte seo ag teaċt gan ṁoill 'un an Ċaisleáin, mar ḃí sé ag siubal ar ṁór-uaislib na tíre san am. Is cosaṁail gur duine aistiḋeaċ bearrṫa a ḃí ann, agus ḃí eagla ar gaċ duine roiṁ n-a ṫeangaiḋ. Is cosaṁail go raḃ eagla ar Ó Doṁnaill roiṁe fosta. Aċ an lá seo dá raḃ Ó Doṁnaill ag súil leis an Ġné Ċáinte, ṫug sé ordú do Ṁac an Ḃáird é féin a ġléasaḋ i gculaiḋ an buaċaill bó, agus cuir sealbán dá ċuid eallaiġ leis ionnus go sílfeaḋ an Ġné Ċáinte gur buaċaill na bó é.

D'fan Mac an Ḃáird ag sraiṫ na habanna go dtáinic an Ġné Ċáinte—é féin agus a bean agus coileán beag madaiḋ—ionns' air agus iad istoiġ i gcarr beag.

TOĠA GAĊ BIḊ AGUS ROĠA GAĊ DIĠE = an biaḋ agus an deoċ a b'fearr.
MAR I NDÚIL = ar ndóiġ, i dtreo.
TROIĠ = dá orlaċ déag.
GO BRÁĊ = go deo.
AISTIḊEAĊ BEARRṪA = ḃí teanga an ġéar aige.
SEALBÁN = sgaipte, sgata.
EALLAIĠ .i. geinide an focail 'eallaċ' .i. ba.
COILEÁN = madaḋ beag óg.
IONNS'AIR = ċuige.

Seasuiġ siad ar an taoiḃ eile den aḃainn agus ḃreaċnuiġ an Caisleán uaṫa anall. Laḃair Mac an Ḃáird leoḃta agus d'ḟiafruiġ cé hiad féin nó goidé an rud iad. Ṫug an Ġné Ċáinte freagra mar seo ar Ṁac an Ḃáird :

'Rois Súile mise a ṡiuḃlas an tír seo
  maidin is neoin;
An méid iarraim ġeiḃim agus ḃeirim
  liom ċart mar lón;
Deir daoine go ḃfuil mé com ḃearrṫa
  leis an ċloiċ ṁóir,
Gur bean sidhe mo ċéile, is naċ ḃfuil
  in mo ċoileán aċ doḃar.'

NEOIN=tráṫnóna.

LÓN=biaḋ fa ċoinne na haimsire atá ag teaċt.

DOḂAR=madaḋ uisge.

Laḃair Mac an Ḃáird annsin agus isé duḃairt sé :

'A Rois Súile, a Rois Súile, is tú an
  fear beadaiḋe;
Is tú an fear is ḃearrṫa dá ḃfacas le
  fada;
Is tú an diosraċ beag sgallta, tú féin,
  do ḃean, is do ṁadaḋ
Ag triall na gcríoċ seo síos le do
  ṁála folaṁ.'

ḂEADAIḊE=doiliġ a ṡásaṁ.

DIOSRAĊ=duine an-ḃeag.

SGALLTA=gan ṁaiṫ (cosaṁail le duine a sgallaḋ le huisge).

Lean siad leo annsin ag gearraḋ ċuig n-a ċéile ar feaḋ tamaill ; aċ sa deireaḋ ṫug an Ġné Ċáinte suas, ná ní raḃ sé ábalta ar an ċoinnil a seasaṁ do Ṁac an Ḃáird. 'Ó tarla buaċaill na ḃó com ḃearrṫa seo', arsa'n Ġné Ċáinte ina intinn féin, 'caiṫfiḋ sé go dtug an diaḃal leis an maiġistir !' Ní dearn an Ġné Ċáinte aċ pilleaḋ ar a ċois agus imṫeaċt an bealaċ a dtáinic sé.

Ċuaiḋ Mac an Ḃáird ionns' ar Ó Domhnaill agus d'innis dó gur

AG TRIALL=ag siuḃal.

CRÍOĊ=tír.

AG GEARRAḊ=ag ráḋ cainte géire.

AN ĊOINNEAL A ṠEASAṀ=ní raiḃ sé maiṫ go leor le coinnil a ċoinneáil do Ṁ. an Ḃ. mar ċoinniġeas cléireaċ do ṡagart í, ní hé aṁáin ḃeiṫ ag súil le buaiḋ a ḟaġáil air.

GO DTUG AN DIAḂAL LEIS AN MAIĠISTIR=go ḃfuil an maiġistir iongantaċ ḃearrṫa ar fad.

ċuir sé an tóir ar an Ġné Ċáinte. Ċuir sin lúṫġáir ṁór ar Ó Doṁnaill. Ṡuiḋ sé síos agus sgríoḃ sé leitir do Ṁac an Ḃáird, agus ṫug orḋú ḋó gan an leitir a ṫaḃairt do ḋuine ar biṫ go raċaḋ sé a ḟad leis an Leic Ḃig i n-Ailt an Ċorráin, agus í a ṫaḃairt don agent annsin. Ṡiuḃail Mac an Ḃáird leis, coiscéim anoir agus coiscéim arís, gan deifre ar biṫ, ag smaointiú i dtólaṁ naċ raḃ rud ar biṫ sa leitir. Ar ṫeaċt anuas dó ag Baile na Cloċ-baile cé casaḋ air aċ agent na Leice Ḃige agus é ar ċosa i n-áirde ag tarraingt ar Ó Doṁnaill i nDún na nGall. Sin Mac an Ḃáird an leitir ċuige. Léiġ sé í. 'Mo ṫrí ṫruaiġe,' arsa seisean le Mac an Ḃáird, 'nár casaḋ orm níos luaiṫe ṫú. Dá siuḃailfeá níos gaiste agus beiṫ ar an Leic Ḃig sul ar ḟág mise sin, ḃéaḋ a ḃfuil ó Ġaoṫ Ḃeara 'un na Leice Ḃige agat. Anois níl le fagáil agat aċ ceiṫre ceaṫraṁna de leitir [.i. Leitir Ṁic an Ḃáird]. Sin an rud a ḃaist Leitir Ṁic an Ḃáird ar an áit go dtí an lá inniu.

Níor cluineaḋ níos mó iomráiḋ ar Ṁac an Ḃáird ina ḋiaiḋ sin go dteaċaiḋ sé faoi ċré; agus ó ṫarla nár cluineaḋ, caiṫfiḋ mise deireaḋ a ċur le mo sgéal.

i dtólaṁ = i gcoṁnuiḋe, ar feaḋ an aṁa.

rud ar biṫ .i. rud ar biṫ arḃ' ḟiú labairt air.

cosa i n-áirde = ag riṫ go han-tapaiḋ ['sé an capall a ḃí leis a ḃí ar ċosa i n-áirde].

níos luaiṫe = roiṁe seo.

níos gaiste = níos tapaiḋ.

a ḃfuil .i. an méid talaṁ.

ceaṫraṁna .i. uiṁir iolraiḋ an focail 'ceaṫraṁa' .i. an ceaṫraṁaḋ cuid de rud ar biṫ.

ceiṫre ceaṫraṁna .i. an t-iomlán.

## CEISTEANNA.

Cá raḃ Ó Domnaill 'na ċomnuiḋe? Cá háit ar ġnáṫ leis ḃeiṫ? Goiḋé ṫainic air lá a ḃí sé amuiġ? Cá dtainic sé? Cad ċuige ar ṫarrainġ sé suas ar an teaċ seo? Cuir an ċeist a ċuir Ó Domnaill ag an doras. Taḃair freagra an ġasúra a ḃí istoiġ. Goiḋé foḃair a d'éiriġ d' Ó Domnaill is dá ḃeaṫaḋaċ san aḃainn? Cad ċuige ar ċuir Ó Domnaill sgéala fa ċoinne an ġasúra lá ar n-a ḃárac? Goiḋé mar ċaiṫfeaḋ an gasúr teaċt ina láṫair? Cad cuige an raḃ eagla ar aṫair agus ar ṁáṫair an ġasúra? An raḃ eagla ar an ġasúr é féin? Goiḋé mar tá a fios agat? Cuir síos ar an dóiġ ar ḃain sé Caisleán Ui Ḋomnaill amaċ. Innis goiḋé mar d'éiriġ leis teaċt ar an ċruaḋ-ċás in ar ċuir ceist Ui Ḋomnaill é? Ar ṁeas Ó Domnaill gur ḃuaċaill cliste é? Cad ċuige ar ṁeas sé sin? An raḃ lúṫġáir mór ar an ġasúr nuair aduḃairt sé go dtaḃairfeaḋ sé a ḋeirḃṡiúr dó le pósaḋ? Cad ċuige naċ bpósfaḋ sé í? Goiḋé mar ċuir an gasúr fearg ar Ó Domnaill? Cár ċuir Ó Domnaill é? Goiḋé ċuir sé leis? Innis goiḋé ṫarla ó d'fág sé Caisleán Ḋún na nGall gur ḃain sé Caisleán na Finne amaċ. Goiḋé ḃí dá ṫógáil as an aḃainn ar ṫeaċt i láṫair dó? Cad ċuige ar ċruinniġ mórán daoine go taoiḃ na haḃanna? Goiḋé an ċeist a ċuir dearḃṫair Ui Ḋomnaill? Goiḋé an freagra a ṫug an gasúr? Goiḋé mar ḃí a fios ag dearḃṫair Ui Ḋomnaill gurab é Mac an Ḃáird a ḃí ann? Goiḋé an t-orḋú ṫug sé dá ċuid searḃ-ḟoġantuiḋṫe? Cé mad a ḃí ag iṫe ag an tábla ċéadna leis an ġasúr? Goiḋé ḃí i láiṁ gaċ duine de na buaċaillíḃ aimsire nuair ḋearc dearḃṫair Ui Ḋomnaill isteaċ? An dtug Mac an Ḃáird freagra múinte air nuair aduḃairt sé, 'Naċ ḃfuil uiḃ ar ḃiṫ ag Mac an Ḃáird?' Cad ċuige naċ gcroċfaḋ sé é an uair a ḃó ḋéag an oiḋċe sin? An raḃ buaiḋreaḋ mór ar Mac an Ḃáird mar ġeall ar go raḃṫar le n-a ċroċaḋ? Ar ċodluiġ sé go maiṫ an oiḋċe sin? An dtearn sé mórán cainte lá ar n-a ḃárac? Goiḋé an t-am ar laḃair sé? Cad ċuige nár croċaḋ é? Cad as a raḃ fir céirde ag Ó Domnaill Ḋún na nGall nuair a ḃí sé ag cur cinn ar a ċaisleán? Cá raḃ an crann ag

fás? Goidé rinne fear de ċuid na Sasan? Cad ċuige ar goill gníoṁ an tSasanaiġ ar Ó Doṁnaill? Cé air ar smaointiġ sé leis an tor a tarraingt? Goidé mar fuair sé amaċ cá raiḃ Mac an Ḃáird? Ar aiṫin Ó Doṁnaill Mac an Ḃáird nuair a tainic sé ċuige? Cad ċuige nár aiṫin? Cad ċuige nár leig Mac an Ḃáird a aiṫne go dtí Ó Doṁnaill ar dtús? Innis goidé rinne Mac an Ḃáird leis an tor. Goidé an gnaiṫe eile a ḃí ag Ó Doṁnaill leis? Abair i mbeagán focal goidé an cineál duine an Ġné Ċáinte. Cad ċuige an raiḃ eagla ar Ó Doṁnaill roiṁe? Innis goidé mar ċuir Mac an Ḃáird an tóir air. Cé ḃí leis an Ġné Ċáinte ag teaċt dó? Cár casaḋ Mac an Ḃáird air? Cad ċuige naċ dtéaċaiḋ an Ġné Ċáinte a fad le hÓ Doṁnaill? An raiḃ lúṫġáir ar Ó Doṁnaill nuair a ċuala sé go raiḃ an tóir curṫa ar an Ġné Ċáinte? Goidé mar ṫeisbeán sé an lúṫġáir sin do Ṁac an Ḃáird? Cár ċuir sé é leis an leitir? An raiḃ deiṫfre mór air ag gaḃáil go hAilt an Ċorráin? Cé casaḋ air ar an ḃealaċ? Cá raiḃ sé ag gaḃáil? Cad ċuige ar tugaḋ Leitir Ṁic an Ḃáird ar an áit?

## CUMADÓIREAĊT.

Sgríoḃ trácṫas ar Ṫír Ċonaill —— mar fuair sé a ainm (ó Ċonall Gulban) —— an cineál tíre atá ann —— na daoine atá ann —— na daoine móra ḃí ann —— an teanga labairtear ann.

Innis goidé an cineál duine Mac an Ḃáird.

Sgríoḃ leitir ċuig caraid ag cur síos dó ar ċaisleán ar biṫ atá ar d'eolas.

## GRAMADAĊ.

I.—Críoċnuiġ na habairteaċa seo:

Ḃí mé i lár —— (an condae) seo indé.

Ag barr —— (an bealaċ mór) casaḋ an fear orm.

Lá —— ag seilg maraḃ mé cúig coinini.

Fás ar an —— (eangaċ) é.

Ċuaiḋ sé ar muin —— (an muc).

Ḃí na —— (laċa) ag snáṁ sa abainn.
Ḃeirfiḋ mé duid an cailín seo —— pósaḋ.
Ḃí sé tuas ar an —— (cnoc).
Tá mé —— do ċur 'un a' baile i mbárach.
'Tċífimid tú —— do buaileaḋ gan ṁoill.
Ḃí sé 'na suide le héirġe —— (grian).
Ḃí an fáilte a ba —— (maiṫ) roiṁe.
Tá sé ag baint —— (an féaróg) de féin.
Ḃéid tú —— (nig) —— (gléas) sul a dtige mise.
I gcionn —— (cúig lá) d'imṫig siad.
Tá sin níos —— (árd).
Ḃí an —— (eallaċ) ag ingeilt sa páirc.
D'imṫig sé an bealaċ —— (bí) sé le bliaḋain.
Tá mise níos —— (garta) 'ná ċusa.

II.—"D'imṫig Ó Doṁnaill annsin agus ċuaiḋ trasna na habanna an aiṫ-ġiorra 'un a' baile—trasna san áit ar iarr an gasúr air gabáil; aċ fobair gur báiṫeaḋ é féin agus a ḃeaṫaḋaċ."

Innis é sin san aimsir láiṫriġ.

"Sul ar sroiċ an gasúr Caisleán na Finne, goidé rinn' sé aċ gabáil isteaċ i dteaċ sgoile ḃí ar ṫaoiḃ an róid, agus d'fiafruiġ an maiġistir de cá raḃ sé ag gabáil. Dubairt an gasúr leis go raḃ sé ar a ḃealaċ go Caisleán na Finne le leitir."

Sgríoḃ é sin agus an aimsear fáistineaċ agat ann.

"Ḃí crann ag fás le taoiḃ an Ċaisleáin agus ḃí a ḃarr ag cromaḋ amaċ os cionn na haibléise. Ċuaiḋ fear de ṁuintir na Sasana agus ċaiṫ sé tor sa ċrann, agus dubairt gur sin dúbṡlán na hÉireann aondúine a faġáil a ṫarraingeoċaḋ an tor."

Cuir 'dubairt tú' roiṁe sin, agus sgríoḃ ar an nua é.

"Ċuaiḋ Mac an Ḃáird ionns' ar Ó Doṁnaill agus d'innis dó gur cuir sé an tóir ar an Ġné Ċáinte. Ċuir sin lúṫġáir mór ar Ó Doṁnaill. Ṡuiḋ sé síos agus sgríoḃ sé leitir do Ṁac an Ḃáird, agus ṫug ordú dó gan an leitir a ṫabairt do ḋuine ar biċ go raċaḋ sé a fad leis an Leic Ḃig i n-Ailt an Ċorráin agus í a ṫabairt don agent annsin."

Cuir 'ní' roiṁe sin, agus sgríoḃ ar an nua é.

# Oisín.

Fuair siad uilig bás. Ḃí sé féin agus a ċú bán aṁuiġ aon lá aṁáin agus ċonnaic sé an ṁaiġdean ag tarraingt air ba ḃreaġṫa ċonnaic sé riaṁ. Ḃuail siad 'un comráiḋ le ċéile; agus ba é an mín is réiḋ-teaċ a ḃí ann gur ṫóg sí léiṫe go Tír na hÓige é.

Ní raiḃ sé féin agus na cailíní ag teaċt le ċéile ann. Deireaḋ sé leoḃṫa go ḃfaca sé caor ċaorṫainn i nÉirinn ba ṁó 'ná an measgán ime ḃíoḋ acu, agus go ḃfeiceaḋ sé duilleog eiḋin i nÉirinn ba ṁó 'ná an ovel (oven) aráin ḃíoḋ acu.

Annsin baḋ ṁaiṫ leis teaċt go hÉirinn ar ais. Ċuir siad sean-ġearrán bán leis—ná, dá leagaḋ sé a ċos ar ṫalaṁ na hÉireann, ḃéaḋ sé 'na ṡeanduine ċríon ċaiṫte aosta.

Nuair a ṫáinig sé go hÉirinn, ċonnaic sé beirt ag iarraiḋ beiṫ ag cur cloiċe móire ar carán an traein (creidim naċ raiḃ traen ar biṫ ann san am). Stap sé an beaṫaḋaċ; is b'éigean do leaṫ-ċos a leagan ar an talaṁ gur ċuir sé a ṁéar leis an ċloiċ ṁóir gur ċaiṫ sé as an bealaċ í. Annsin ḃí sé 'na ṡean-duine ċríon ċasta gan lúṫ gan láṫair.

D'iarr sé a ṫabairt go dtí áit éiginteaċt a raiḃ cloċ mór a raiḃ a gcuid airteagal ann.

Ṫionntuiġ sé an ċloċ ṁór. Ṫug sé leis ceann de na hairteagail—

---

Siad .i. na Fiana.
Maiġdean=óig-bean.
Ag tarraingt air=ag teaċt ċuige.
'Un comráiḋ='un cainte.
Mín is réiḋteaċ=ba é deireaḋ an ċomráiḋ.
Na cailíní .i. na cailíní aimsire.
Ag teaċt le ċéile=ag aontú.
Caor ċaorṫainn=an ċaor ḃeag ḋearg ḟásas ar an ċrann ċaorṫainn.
Measgán=cnap ime.
Eiḋean .i. ivy.
Dá leagaḋ=dá gcuireaḋ.
Críon caiṫte=feoiḋte mar ḃéaḋ duine aosta.
Beaṫaḋaċ=capall.
Leaṫ-ċos=cos aṁáin.
Casta .i. wrinkled.
Gan lúṫ gan láṫair=gan ġaisteaċt gan ḃríġ.
Airteagal=uirnis.
Tionntuiġ=d'iompuiġ.

fideog a ḃí san airteagal—gur ṡéid sé í is gur ċruinniġ sé éanaċa an aeir. Ḃreasuiġ sé an cú bán 'sna héanaċa b'ḟearr a ḃí ann go dtí go raiḃ tráṫ níḋ aige féin is ag a ċú bán.

I n-am Naoṁ Pádraig a ḃí seo, is ṫug Naoṁ Pádraig 'un creidiṁ é. Nuair a ḃí Naoṁ Pádraig 'ga ṫabairt 'un creidiṁ, dubairt Oisín:

'Dá bfeicfinn-se Goll is Dia ag spáirn
  I mullaċ an ċnuic áird úd ṫall;
Dá bfeicfinn-se Goll ar lár,
  Deirfinn gur fear láidir Dia.'

Annsin ṫug Naoṁ Pádraig amarc dó ar Ifreann is ar na Flaiṫis. Ḃí an iall a ḃí i ṡúirte Ġoill ag briseaḋ i gcionn 'aċ a'n ḃomaite, is d'iarr Naoṁ Pádraig ar Oisín trí aṫċuinge a iarraiḋ is go bfuiġeaḋ sé iad.

D'iarr Oisín (1) iall a ċur i ṡúirte Ġoill naċ mbrisfeaḋ go bráṫ; (2) sgraiṫ ġlas a ċur faoi ċosaiḃ Osgair a ṡábálóċaḋ a bonna ar a mbruiṫ; (3) a ċú bán a ḃeiṫ leis 'un na bFlaiṫeas.

Annsin d'iarr Naoṁ Pádraig air teaċt go mbaisteaḋ sé é; is ṫainig. Ṡáiṫ sé an coinnleoir síos sa talaṁ, is cá háit ar ṡáiṫ sé é aċ tríd ḋruim a ċoise. Nuair a ċonnaic Naoṁ Pádraig an tuile fola síos an t-urlár, d'éiliġ sé leis cad ċuige nár innis sé dó é. 'A ċléiriġ beannuiġṫe,' ar seisean, 'ṡíl mé gur den ḃaisteaḋ é.' 'Is truaġ an té ċífeas is naċ gcreideann, agus is méanar don té ċreideas is naċ bfeiceann,' arsa Naoṁ Pádraig.

FIDEOG=rud a bfuil poll ann agus a leigeas fead nuair a ċuirteas séideán d'anáil ann.

ḂREASUIĠ=ċuir i ndiaiḋ agus é a broslú.

ṪUG N. P. 'UN CREIDIṀ=rinne sé catoiliceaċ de.

GOLL .i. fear láidir a ḃí ar na Fianaiḃ.

AG SPÁIRN=ag troid.

IALL=an ceangal atá eadar an láiṁċrann agus an buailtín .i. dá maide an tsúirte.

SGRAIṪ ĠLAS=giota de ċraiceann an talaiṁ ġlais.

A ḂONNA AR A MBRUIṪ .i. bonna a ċos a ṡábáil ar a mbruiṫ i dteiniḋ Ifrinn.

ḂAISTEAḊ=an rud a ní an sagart le leanḃ nuair a ḋóirteann sé uisge air agus adeir sé: 'baistim ṫú i n-ainm an Aṫar, ⁊rl.'

COINNLEOIR=rud le coinnil a ċoinneáil.

D'ÉILIĠ SÉ=rinne sé casaoid leis.

GUR DEN ḂAISTEAḊ=go raiḃ baint aige leis an ḃaisteaḋ

IS MÉANAR=is maiṫ do . . .

## CEISTEANNA.

Cé hiad a fuair bás? Goidé chonnaic Oisín ag tarraingt air? Cé arbh' í an maighdean seo? Cad chuige an dteachaidh (an ndeachaidh) Oisín go Tír na hÓige? Goidé an fáth nach rabh sé féin agus na cailíní ag teacht le chéile ann? Innis goidé mar tháinic Oisín go hÉirinn ar ais. Cad chuige ar cuireadh an sean-ghearrán bán leis? Goidé tharla nuair a chuir sé a leath-chos ar talamh? Cá rabh an fídeog a fuair sé? Innis goidé mar fuair sé féin agus a chú bán tráth bídh. Cé thug 'un creidimh Oisín? An rabh meas mór ag Oisín ar láidreacht Ghoill? Goidé mar tá a fhios agat? Cá bhfaca Oisín Goll agus an súiste aige? An rabh mórán maitheasa sa tsúiste? Goidé na trí athchuinge d'iarr Oisín? Cad chuige nár labhair Oisín nuair a chuir Naomh Pádraig an coinnleoir fríd dhruim a choise? Goidé dubhairt Naomh Pádraig nuair a chuala sé freagra Oisín?

## CUMADÓIREACHT.

Innis goidé mar chuaidh Oisín go Tír na hÓige.

Sgríobh cunntas gearr ar Phádraig—a óige ar Shliabh Mis—an dara huair tháinic sé go hÉirinn—an obair rinne sé sa tír—a bhás.

'Is mé Oisín i ndiaidh na bhFian.' Minigh brígh na habairte sin.

Sgríobh tráchtas ag cur síos ar Thír na hÓige.

## GRAMADACH.

"Fuair siad uilig bás. Bhí sé féin agus a chú bán amuigh aon lá amháin agus chonnaic sé an mhaighdean ag tarraingt air ba bhreaghtha chonnaic sé riamh. Bhuail siad 'un comhráidh le chéile; agus ba é an mín is réidhteach a bhí ann gur thóg sí léithe go Tír na hÓige é."

Cuir 'dubhairt mé nach' roimhe sin, agus sgríobh as an nua é.

"D'iarr sé a ṫabairt go dtí áit éiġinteaċt a raḃ cloċ ṁór a raḃ a gcuid airteagal ann.

"Ṫionntuiġ sé an cloċ ṁór. Ṫug sé leis ceann de na hairteagail—fideog a ḃí san airteagal—gur ṡéid sé í is gur ċruinniġ sé éanaċa an aeir. Ḃreasuiġ sé an cú bán 'sna héanaċa b'ḟearr a ḃí ann go dtí go raḃ tráṫ ḃíḋ aige féin is ag a ċú bán."

Sgríoḃ é sin agus an aimsear láiṫreaċ agat ann.

"Annsin ṫug Naoṁ Pádraig amharc dó ar Ifreann is ar na Flaiṫis. Ḃí an iall a ḃí i súiste Ġoill ag ḃriseaḋ i gcionn 'aċ a'n ḃomaite, is d'iarr Naoṁ Pádraig ar Oisín trí aċċuinġe a iarraiḋ is go ḃfuiġeaḋ sé iad."

Sgríoḃ é sin agus an aimsear ḟáistineaċ agat ann